



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Meán Fómhair 2022  
(OR. en)

12085/22

COCON 52  
CFSP/PESC 1108

## NÓTA CLÚDAIGH

|                           |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                          |
|---------------------------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| ó:                        | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir                                                                                                                                                                                                                                                                                                            |
| chuig:                    | Ardrúnaíocht na Comhairle                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 437 final                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                      |
| Ábhar:                    | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2015/637 ón gComhairle an 20 Aibreán 2015 maidir leis na bearta comhordaithe agus comhair chun an chosaint chonsalach a éascú do shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu i dtríú tíortha agus lena n-aisghairtear Cinneadh 95/553/CE |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 437 final.

Faoi iamh: COM(2022) 437 final



AN COIMISIÚN  
EORPACH

An Bhruiséil, 2.9.2022  
COM(2022) 437 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS  
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2015/637 ón gComhairle  
an 20 Aibreán 2015 maidir leis na bearta comhordaithe agus comhair chun an chosaint  
chonsalach a éascú do shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu i dtríú  
tíortha agus lena n-aisghairtear Cinneadh 95/553/CE**

## 1. Réamhrá

Is cosaint í saoránacht an Aontais Eorpaigh (AE), a cheaptar a bheith mar stádas bunúsach do náisiúnaigh Bhallstáit an Aontais<sup>1</sup>, ag saoránaigh den Aontas agus iad ag taisteal nó ina gcónaí thar lear. Mar chuid de chearta shaoránacht an Aontais, foráiltear le hAirteagal 20(2)(c) agus le hAirteagal 23 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) go dtairbhíonn gach saoránach den Aontas ar chríoch tríú tír (i.e. tír nach Ballstát í) nach bhfuil ionadaíocht inti ag an mBallstát ar náisiúnach de é de chosaint ó údaráis taidhleoireachta agus chonsalacha aon Bhallstáit faoi na coinníollacha céanna le náisiúnaigh an Bhallstáit sin.

An ceart bunúsach atá ag saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu cosaint chonsalach a fháil ó na Ballstáit a bhfuil ionadaíocht acu faoi na coinníollacha céanna lena náisiúnaigh féin<sup>2</sup>, is léiriú é ar an ngné sheachtrach de shaoránacht an Aontais agus ar dhlúthpháirtíocht na mBallstát, agus neartaíonn sé féiniúlacht an Aontais i dtríú tíortha. Is cosaint é ag saoránaigh den Aontas a mbíonn deacrachtaí acu thar lear. Is i staideanna géarchéimeanna ar an mórsála, bíodh siad sin nádúrtha nó de dhéanamh an duine, is léire tábhacht an chearta sin, nó is sna cúinsí sin is féidir fóirithint phráinneach nó aisduichiú a bheith ag teastáil ó líon mór saoránach den Aontas.

An 20 Aibreán 2015 ghlac an Chomhairle Treoir (AE) 2015/637 maidir leis na bearta comhordaithe agus comhair chun an chosaint chonsalach a éascú do shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu i dtríú tíortha (an ‘Treoir’)<sup>3</sup>, arb í an chéad ghníomh dlí thánaistigh de chuid an Aontais a glacadh sa réimse sin<sup>4</sup>. Is é is cuspóir don Treoir: (i) na bearta infheidhme comhordaithe agus comhair a bhfuil gá leo chun gnáthchosaint chonsalach a éascú le haghaidh saoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu, a shuí i ndlí an Aontais; (ii) cur leis an deimhneacht dhlíthiúil maidir le raon feidhme na cosanta consalaí agus leis na coinníollacha agus na nósanna imeachta a bhaineann léi; agus (iii) úsáid acmhainní na mBallstát agus an Aontais a bharrfheabhsú, in am géarchéime freisin. Bhí ar na Ballstáit an Treoir a thrasú sa dlí náisiúnta faoin 1 Bealtaine 2018.

Le blianta beaga anuas, de thoradh roinnt imeachtaí, tháinig dúshláin chun cinn a bhaineann le cosanta chonsalach, go háirithe paidéim COVID-19, an ghéarchéim san Afganastáin, agus an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin. Léirigh na

---

<sup>1</sup> Breithiúnas an 18 Eanáir 2022, *Wiener Landesregierung (Révocation d'une assurance de naturalisation)*, C-118/20, EU:C:2022:34, mír 38 agus an cásdlí a luaitear.

<sup>2</sup> Féach Airteagal 46 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (‘an Chairt’).

<sup>3</sup> IO L 106, 24.4.2015, lch. 1.

<sup>4</sup> Sular tháinig Conradh Liospóin i bhfeidhm, rialaíodh an ceart a bhaineann leis an gcosaint chonsalach faoi Airteagal 20 de Chonradh Nice agus, roimhe sin, faoi Airteagal 8c de Chonradh Maastricht, a d’fhág faoi na Ballstáit ‘na rialacha is gá a bhunú’ eatarthu féin chun an chosaint sin a áirithiú. Chun Airteagal 8c a chomhlíonadh, agus de bhrí go neartódh socruithe cosanta coiteanna ‘féiniúlacht an Aontais mar a bhraitear í i dtríú tíortha’ mar aon le ‘smaoineamh na dlúthpháirtíochta Eorpaí’, ghlac na Ballstáit Cinneadh 95/553/CE ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle an 19 Nollaig 1995 maidir le cosaint do shaoránaigh an Aontais Eorpaigh ag ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalachta (IO L 314, 28.12.1995). Chuir Conradh Liospóin cur chuige nua in ionad an mhodha cur chun feidhme sin. Faoin gcur chuige nua, cumhachtaíodh an Chomhairle, ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, chun treoracha a ghlacadh lena mbunófaí na bearta comhordaithe agus comhair ba ghá chun an chosaint ó údaráis taidhleoireachta agus chonsalacha aon Bhallstáit a éascú do shaoránaigh den Aontas ar chríoch tríú tír nach bhfuil ionadaíocht inti ag an mBallstát ar náisiúnach de an duine sin. I bhfianaise an chreata dhlíthiúil a bunaíodh le Conradh Liospóin, aisghaireadh Cinneadh 95/553/CE leis an Treoir freisin.

géarchéimeanna sin buntáistí na cosanta consalaí do shaoránaigh den Aontas, mar chuid de na cearta a eascraíonn ó shaoránacht an Aontais<sup>5</sup>.

Is cosúil go mbeidh an chosaint chonsalach ag teastáil a thuilleadh amach anseo nó is féidir go n-éireoidh na géarchéimeanna níos minice, níos déine, agus níos faide, go háirithe na géarchéimeanna a bhaineann leis an téamh domhanda agus is cúis le guaiseacha iomadúla aeráide dosheachanta agus le rioscaí iomadúla d'éiceachórais agus do dhaoine<sup>6</sup>. Léiríonn an méid sin gur gá a áirithiú go bhfuil an bonneagar ar fáil chun éifeacht a thabhairt do chearta shaoránaigh an Aontais i leith na cosanta consalaí. Léiríonn sé, freisin, gur gá creat dlíthiúil an Aontais maidir leis an gcosaint chonsalach a athneartú, go háirithe chun feabhas a chur ar an ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna agus chun an laghdú foriomlán ar láithreach chonsalach an Aontais trí na Ballstáit mar gheall ar tarraingt siar an Ríochta Aontaithe as an Aontas a chur san áireamh.

Maidir leis sin, mhéadaigh tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas raon feidhme geografach na Treorach freisin, nó cruthaíodh tríú tír nua agus 5.5 milliún saoránach den Aontas ar a laghad ina gcónaí inti<sup>7</sup>.

Mar a luadh i dTuarascáil ar Shaoránacht AE 2020<sup>8</sup>, i gclár oibre 2021 an Choimisiúin<sup>9</sup> fógraíodh athbhreithniú ar rialacha an Aontais maidir leis an gcosaint chonsalach chun feabhas a chur ar ullmhacht agus ar acmhainneacht na mBallstát cosaint agus tacaíocht a thabhairt do shaoránaigh an Aontais in am géarchéime. Leis an athbhreithniú sin, neartófaí ról tacaíochta an Aontais agus bhainfí an leas ab fhearr agus ab fhéidir as líonra eisceachtúil Thoscaireachtaí an Aontais<sup>10</sup>.

Sa bhreis air sin, sa Chompás Straitéiseach don tSlándáil agus don Chosaint<sup>11</sup>, arna chur isteach ag Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála/Leas-Uachtarán an Choimisiúin agus arna fhorghníú ag Cinn Stáit agus

---

<sup>5</sup> Gheofar faisnéis chuimsitheach san alt ‘*Good stories on consular support for EU citizens stranded abroad*’ [‘Dea-scéalta faoin tacaíocht chonsalach do shaoránaigh an Aontais a bhí sáinnithe thar lear’] ag [https://www.eeas.europa.eu/eeas/good-stories-consular-support-eu-citizens-stranded-abroad\\_en](https://www.eeas.europa.eu/eeas/good-stories-consular-support-eu-citizens-stranded-abroad_en).

<sup>6</sup> Féach an tuarascáil ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide, *Climate Change 2022: Impacts, Adaptation and Vulnerability*, lch. 15.

<sup>7</sup> Ní áirítear leis sin ach tairbhíthe an Chomhaontaithe Brexit um Tharraingt Siar (i.e. saoránaigh den Aontas a raibh cónaí orthu sa Ríocht Aontaithe roimh an 31 Nollaig 2020 agus a bhfuil cónaí orthu fós inti) gan trácht ar na saoránaigh den Aontas a d’aistrigh go dtí an Ríocht Aontaithe tar éis an 31 Nollaig 2020. Tá ionadaíocht ag gach Ballstát sa Ríocht Aontaithe agus tá Toscaireacht an Aontais inti: dá réir sin, is ri-bheag an seans go mbeidh aon saoránach den Aontas gan ionadaíocht inti. Tionóltar cruinnithe um chomhar consalach áitiúil go tráthrialta, agus tá pleanáil theagmhasach i gcomhair géarchéimeanna ar siúl. Áirítear ar na bearta a tógadh chun bheith in oiriúint le stádas nua na Ríochta Aontaithe mar thríú tír ó thaobh na Treorach de, creataí comhpháirteacha a ghlacadh. Ní chumhdaítear an chosaint chonsalach leis an gComhaontú Brexit um Tharraingt Siar ná leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe.

<sup>8</sup> [EU Citizenship Report 2020](#) – *Empowering citizens and protecting their rights* [Tuarascáil ar Shaoránacht AE 2020: Saoránaigh a chumhachtú agus a gcearta a chosaint].

<sup>9</sup> COM(2020) 690 final.

<sup>10</sup> Tá an tionscnamh sin faoi réir ceanglais ábhartha maidir le rialáil níos fearr agus níor cuireadh i láthair é go dtí seo.

<sup>11</sup> *A Strategic Compass for Security and Defence, for a European Union that protects its citizens, values and interests and contributes to international peace and security* [Compás Straitéiseach don tSlándáil agus don Chosaint – D’Aontas Eorpach a chosnaíonn a shaoránaigh, a luachanna agus a leasanna agus a chuireann leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta]. [https://www.eeas.europa.eu/sites/default/files/documents/strategic\\_compass\\_en3\\_web.pdf](https://www.eeas.europa.eu/sites/default/files/documents/strategic_compass_en3_web.pdf).

Rialtais an Aontais<sup>12</sup>, luaitear go ‘[nd]éanfar sásraí freagartha géarchéime SEGS, ár dtacaíocht chonsalach agus ár slándáil allamuigh a athbhreithniú agus a neartú freisin chun cúnamh níos fearr a thabhairt do na Ballstáit ina gcuid iarrachtaí chun a saoránaigh a chosaint agus a tharrtháil thar lear, agus chun tacú lenár dToscaireachtaí Aontais nuair is gá dóibh pearsanra a aslonnú<sup>13</sup>.

Sa bhreis air sin, sa Teachtaireacht uaidh i mí an Mheithimh 2022 maidir leis na bearta leantacha i ndiaidh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, d’fhógair an Coimisiún go measfadh sé réimsí nua gníomhaíochtaí amhail an ‘[ts]aoránacht Eorpach a dhéanamh níos inláimhsithe do shaoránaigh, lena n-áirítear trí na cearta a ghabhann léi a neartú agus trí fhaisnéis iontaoifa a bhfuil teacht éasca uirthi a sholáthar’<sup>14</sup>.

## **2. Raon feidhme na tuarascála cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm**

I gcomhréir le hAirteagal 19(1) den Treoir<sup>15</sup>, tá an Coimisiún le tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm na Treorach faoin 1 Bealtaine 2021. Cuireadh seachadadh na tuarascála seo ar athló chun forbairtí a rinneadh le déanaí a chur san áireamh, forbairtí a raibh tionchar mór acu ar an gcosaint chonsalach, amhail na ceachtanna a foghlaimíodh ó na haisdúichithe ar an mórsála ab éigean a dhéanamh de dheasca ráig phaindéim COVID-19, na géarchéime san Afganastáin, agus an chogaidh fhoghaigh atá an Rúis a chur ar an Úcráin<sup>16</sup>.

An cur síos agus an anailís atá sa tuarascáil seo, tá siad bunaithe go príomha ar fhaisnéis arna soláthar ag na Ballstáit, ag SEGS agus ag Toscaireachtaí an Aontais, agus iad forlíonta ó staidéir sheachtracha<sup>17</sup> agus ó aiseolas díreach ó shaoránaigh den Aontas<sup>18</sup>.

Dírítear an tuarascáil seo ar na bearta atá déanta ag na Ballstáit chun an Treoir a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm. Measúnaítear ar chuir na Ballstáit an Treoir chun feidhme laistigh den tréimhse shonraithe, agus an ndéantar cuspóirí na Treorach a bhaint amach agus na ceanglais atá inti a chomhlíonadh leis an reachtaíocht agus an gcleachtas

---

<sup>12</sup> EU 7371/22.

<sup>13</sup> Tar éis an ghlaio sin, cruthaíodh Ionad Freagartha Géarchéime de chuid na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) i mí Iúil 2022 agus é ceaptha a bheith ina bhuanacmhainn freagartha géarchéime ag SEGS agus idirchaidreamh a dhéanamh le cealla géarchéime uile na mBallstát, Institiúidí an Aontais, agus chomhpháirtithe an Aontais.

<sup>14</sup> Iarscríbhinn a ghabhann le COM(2022)404 final.

<sup>15</sup> Is d’airteagail na Treorach a thagraíonn gach tagairt d’airteagail anseo feasta mura luaitear a mhalairt.

<sup>16</sup> Dá bhrí sin, tosaíonn an tréimhse tuairiscithe an 1 Bealtaine 2018, nuair a ceanglaíodh ar na Ballstáit an Treoir a tharraingt sa dlí náisiúnta, agus tá deireadh léi ag dáta foilsithe na tuarascála seo.

<sup>17</sup> ‘Study to support the preparation of an impact assessment on a potential EU policy initiative on the coordination & cooperation measures to facilitate the exercise of the EU citizens’ right to consular protection’ [Staidéar chun tacú le measúnú tionchair a ullmhú maidir le tionscnamh beartais de chuid an Aontais a d’fhéadfadh a bheith ann maidir leis na bearta comhordaithe agus comhair chun feidhmiú cheart shaoránaigh an Aontais ar chosaint chonsalach a éascú], Tetra Tech Europe, Asterisk Research & Analysis agus VVA, le foilsiú, agus ‘Consular protection of unrepresented EU citizens in third countries effectiveness and future of the EU citizenship right to consular protection outside the EU’ [Cosaint chonsalach i dtríú tíortha do shaoránaigh AE nach bhfuil ionadaíocht acu: éifeachtacht agus todhchaí an chearta saoránachta AE chun cosanta consalaí lasmuigh den Aontas], EU-CITIZEN: Academic Network on European Citizenship Rights.

<sup>18</sup> Flais-Eorabharaiméadar 485: Saoránacht agus Daonlathas AE, Feabhra/Márta 2020, [https://data.europa.eu/data/datasets/s2260\\_485\\_eng?locale=en](https://data.europa.eu/data/datasets/s2260_485_eng?locale=en).

náisiúnta. Sa bhreis air sin, de bhun Airteagal 19(2) den Treoir, meastar sa tuarascáil seo freisin an bhfuil gá le bearta breise, lena n-áireofaí, i gcás inarb iomchuí, leasuithe chun an Treoir a oiriúnú d'fhonn feidhmiú chearta shaoránaigh an Aontais maidir leis an gcosaint chonsalach a éascú a thuilleadh<sup>19</sup>.

### 3. Cuspóir agus príomheilimintí na Treorach

Leagtar síos sa Treoir na bearta comhordaithe agus comhair is gá, maidir leis an gceart atá ag saoránaigh den Aontas chun cosaint a fháil ar chríoch tríú tír nach bhfuil ionadaíocht inti ag an mBallstát ar náisiúnaigh de iad (i.e. nach bhfuil ionadaíocht ag na saoránaigh sin inti) ó údarais taidhleoireachta agus chonsalacha aon Bhallstáit faoi na coinníollacha céanna le náisiúnaigh an Bhallstáit sin mar a leagtar amach in Airteagal 20(2)(c) CFAE<sup>20</sup>, chun feidhmiú an chearta sin a éascú. Go háirithe, soláthraítear sa Treoir na sainmhínithe agus na nósanna imeachta is gá chun an ceart sin a chur chun feidhme.

I gcomhréir le hAirteagal 23 CFAE, déantar tagairt sa Treoir do na Ballstáit a bhfuil ionadaíocht acu cosaint chonsalach i dtríú tíortha a sholáthar do shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu 'faoi na coinníollacha céanna' lena náisiúnaigh féin. Fágann sin nach gcomhchuibhítear leis an Treoir an leibhéal cúnaimh a cheanglaítear ar na Ballstáit a sholáthar do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu. Seachas sin, tairbhíonn saoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu de *chóir chomhionann*, mar atá, an leibhéal céanna cosanta a fháil agus a sholáthródh na Ballstáit chúnaimh dá náisiúnaigh féin sa chás céanna. Sa chleachtas, fágann sin gur féidir go bhfaighidh saoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu cineálacha cosanta éagsúla agus leibhéil seirbhíse éagsúla de réir an Bhallstáit óna lorgaíonn siad cosaint, mar gheall ar an gcosaint éagsúil a sholáthraíonn na Ballstáit dá náisiúnaigh féin.

Tá na heilimintí seo a leanas sa Treoir:

- An prionsabal ginearálta go soláthraíonn na Ballstáit cosaint chonsalach do shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu faoi na coinníollacha céanna lena náisiúnaigh féin (Airteagal 2).
- Is féidir le Ballstát náisiúntachta saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht aige a iarraidh ar an mBallstát ar a lorgaíonn saoránach nach bhfuil ionadaíocht aige cosaint chonsalach nó óna bhfaigheann sé í, an cás a atreorú chuig a Bhallstát náisiúntachta féin, agus ba cheart don Bhallstát ar a ndéantar an iarraidh sin an cás a ghéilleadh don Bhallstát náisiúntachta (Airteagal 3).
- Raon feidhme pearsanta na cosanta, lena gcinntear cé a thairbhíonn de chosaint chonsalach (Airteagail 4, 5, agus 6).
- Na coinníollacha chun an chosaint sin a rochtain, eadhon cén Ballstát agus cén cineál comhlachta ar féidir le saoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu cosaint a lorg orthu (Airteagal 7).
- Rialacha maidir le conas saoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu a shainaithint (Airteagal 8).
- Liosta neamh-uileghabhálach de na cineálacha cásanna a d'fhéadfadh a bheith leis an ngá le cosaint chonsalach (Airteagal 9).

<sup>19</sup> Bheadh aon togra reachtach faoi réir na gceanglas maidir le rialáil níos fearr, amhail meastóireacht agus measúnú tionchair dá mb'ábhartha iad.

<sup>20</sup> Aithris 4 agus Airteagal 1(1) den Treoir.

- Rialacha maidir le conas a dhéanfaidh na Ballstáit comhar agus comhordú le chéile agus leis an Aontas chun cosaint saoránach nach bhfuil ionadaíocht acu a áirithiú (Airteagal 10).
- Sonraíochtaí maidir le ról Thoscaireachtaí an Aontais (Airteagal 11).
- Ceanglais maidir le comhar áitiúil idir na Ballstáit (Airteagal 12) agus maidir le hullmhacht agus comhar na mBallstát agus Thoscaireachtaí an Aontais i dtríú tíortha i gcomhair géarchéimeanna (Airteagal 13).
- Rialacha maidir le costais na cosanta consalaí a aisíoc (Airteagail 14 agus 15).

#### 4. Measúnú ginearálta

##### 4.1. Trasuí na Treorach sa dlí náisiúnta

De bhun Airteagal 17, ceanglaíodh ar na Ballstáit an Treoir a thrasuí sa dlí náisiúnta faoin 1 Bealtaine 2018.

Faoi dháta éaga na tréimhse trasuí, bhí 10 mBallstát ann nach raibh na bearta ba ghá curtha in iúl acu don Choimisiún. Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leis na Ballstáit ábhartha chun trasuí iomlán na Treorach a áirithiú agus tá sé fós i mbun idirphlé leis na Ballstáit maidir le heilimintí sonracha den Treoir a chur chun feidhme.

Leanfaidh an Coimisiún de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar an staid, agus déanfaidh sé na bearta is gá chun comhlíonadh na Treorach ar fud an Aontais a áirithiú, lena n-áirítear, más gá agus i gcás inar gá, trí imeachtaí um shárú a thionscnamh faoi Airteagal 258 CFAE.

##### 4.2. Cur chun feidhme na Treorach agus bearnaí a d'fhéadfadh a bheith ann

Ó tháinig an Treoir i bhfeidhm, cruthaíodh gur uirlis úsáideach í chun cosaint agus tacaíocht a áirithiú le haghaidh saoránaigh den Aontas, go háirithe i gcomhthéacs ráig phaindéim COVID-19 in 2020. Tá roinnt bearnaí sonracha agus riachtanais nua ann, áfach, ar dúshlán iad roimh shaoránaigh den Aontas.


I dtús, is é bonn tosaigh na Treorach go mbeidh saoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu in ann dul i muinín Ballstáit eile i gcónaí agus cosaint chonsalach á lorg acu i dtríú tír. **Is iomaí tír, áfach, nach bhfuil ambasáid ná post consalach ag aon Bhallstát ina críoch.** Sa bhreis air sin, sna tíortha sin nach bhfuil ach líon beag Ballstát ar an láthair, is féidir go mbeidh **brú mór ar líonraí consalacha na mBallstát sin, go háirithe i staideanna géarchéime.** Go sonrach, tá 25 thríú tír ann nach bhfuil ambasáid ná post consalach ag aon Bhallstát ina gcíoch<sup>21</sup>. I gcúig cinn de na tíortha sin, is í Toscaireacht an Aontais an t-aon ionadaíocht taidhleoireachta amháin de chuid an Aontais ar an láthair<sup>22</sup>. Tá líon mór tríú tíortha eile ann, áfach, inar ri-bheag an ionadaíocht chonsalach nó taidhleoireachta atá ag na Ballstáit ar an láthair, agus iad i mbaol mór dá réir sin go mbeadh cúrsaí thar a gcumas i gcás géarchéim ar an mórscála. Mar shampla, i mbreis agus leath na dtríú tíortha, níl ionadaíocht ag níos mó ná seacht

<sup>21</sup> Is iad seo a leanas na tíortha atá i gceist: an Afganastáin, Antigua agus Barbúda, na Bahámaí, Barbadós, an Bheilís, an Bhútáin, Cireabaití, Doiminice, Eswatini, Greanáda, an Ghuáin, Leosóta, Lichtinstéin, an Mhicrinéis, Nárú, Oileáin Cook, Oileáin Marshall, Oileáin Mhaidíve, Oileáin Palau, Oileáin Sholomón, Samó, San Críostóir-Nimheas, San Uinseann agus na Greanáidíní, Tonga, Tuvalu. Tá méadú tagtha ar líon na dtríú tíortha nach bhfuil ambasáid ná post consalach ag aon Bhallstát ar a gcíoch ó tharraing an Ríocht Aontaithe siar as an Aontas.

<sup>22</sup> An Afganastáin, Barbadós, Eswatini, an Ghuáin, agus Leosóta.

mBallstát, agus is minic gur teoranta a n-acmhainní siúd féin. Tá Toscaireachtaí an Aontais ar an láthair i bhformhór na dtríú tíortha lena mbaineann agus d'fhéadfaidís-sean tacaíocht bhreise úsáideach a sholáthar do na Ballstáit, dá mba gha, chun cabhrú le saoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu.

**Fíor 1: Ionadaíocht Bhallstáit an Aontais i dtríú tíortha**



Ar an dara dul síos, **an tacaíocht a sholáthraíonn Toscaireachtaí an Aontais** do shaoránaigh den Aontas arna iarraidh sin do na Ballstáit, níl sí teoranta do na téarmaí a leagtar amach in Airteagal 11 den Treoir<sup>23</sup>, lena gcumhdaítear an comhordú agus tacaíocht lóistíochta den chuid is mó<sup>24</sup>. Go háirithe, is amhlaidh an cás sna tríú tíortha nach bhfuil ionadaíocht ag aon Bhallstát iontu agus ina mbíonn Toscaireachtaí an Aontais ag soláthar cúnamh do shaoránaigh den Aontas a bhíonn i ngátar. Is amhlaidh an cás, freisin, i staideanna géarchéime, inar mhinic do Thoscaireachtaí an Aontais páirt ghníomhach a ghlacadh chun cuidiú leis na Ballstáit cúnamh a sholáthar do shaoránaigh den Aontas.

Níos tábhachtaí fós, ón dáta a tháinig an Treoir i bhfeidhm, bíonn ról fíor-riachtanach ag Toscaireachtaí an Aontais maidir le feidhmiú an chomhair áitiúil agus an chomhair géarchéime. Tráth ráig phaindéim COVID-19, thacaigh Toscaireachtaí an Aontais,

<sup>23</sup> Sa chomhthéacs sin, féach freisin Airteagal 221(2) CFAE agus Airteagal 5(10) den Chinneadh ón gComhairle an 26 Iúil 2010 lena mbunaítear eagrúchán agus oibriú na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (2010/427/AE), IO L 201, 3.8.2010, lch. 30.

<sup>24</sup> ‘Oibreoidh toscaireachtaí an Aontais i ndlúthchomhar le hambasáidí agus le consalachtaí na mBallstát agus déanfaidh siad comhordú leo chun rannchuidiú leis an gcomhar agus an gcomhordú áitiúil agus leis an gcomhar agus an gcomhordú i gcás géarchéime, go háirithe trí thacaíocht lóistíochta atá ar fáil a sholáthar, lena n-áirítear cóiríocht oifige agus saoráidí eagraíochtúla, amhail cóiríocht shealadach d’fhoirne consalacha agus d’fhoirne idirghabhála. Éascóidh toscaireachtaí an Aontais agus ceanncheathrú SEGS, freisin, malartú na faisnéise idir ambasáidí agus consalachtaí na mBallstát agus, más iomchuí, leis na húdaráis áitiúla. Cuirfidh toscaireachtaí an Aontais faisnéis ghinearálta ar fáil freisin maidir leis an gcúnamh a d’fhéadfadh saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu tairbhí de, go háirithe maidir le socruithe praiticiúla comhaontaithe más infheidhme.’

SEGS, agus seirbhísí an Choimisiúin lena n-áirítear a Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha (ERCC) leis na Ballstáit chun comhoibriocht nach ndearnadh a leithéid riamh a eagrú chun thart ar 600 000 saoránach den Aontas a aisdúichiú, saoránaigh ar cuireadh as dóibh le srianta taistil ar fud an domhain, go suntasach tríd an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (UCPM)<sup>25</sup>. Léirigh sé sin na buntáistí a bhaineann leis an gcosaint chonsalach a bheith ina cuid de chearta saoránachta an Aontais, ach sa bhreis air sin ba léiriú suntasach é ar an ngá an creat Aontais a bhí ann an tráth sin a athneartú ionas go bhféadfaidh na Ballstáit agus an tAontas aghaidh a thabhairt ar a leithéidí de dhúshláin ar bhealach níos éifeachtaí dá dtarlóidís amach anseo. Sa mheasúnú eatramhach ó Uachtaránacht na Gearmáine ar an gComhairle<sup>26</sup> ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó COVID-19, measadh gur léirigh an oibriocht aisdúichithe ‘gur bunús téagartha iad na huirlisí atá ann cheana chun freagairt chonsalach chomhordaithe ar ghéarchéimeanna a fheabhsú a thuilleadh’<sup>27</sup>.

Samhlaíonn sé, ar bhonn na fianaise uile atá ar fáil, go bhfuil an tuairisc a thugtar sa Treoir ar ról Thoscaireachtaí an Aontais ró-chúng chun an tacaíocht a sholáthraíonn siad ar an láthair, agus an pháirt a ghlacann siad sa chleachtas, go háirithe le linn géarchéime, a léiriú ina n-iomláine. Tuairiscíonn Toscaireachtaí an Aontais go n-iarrtar go tráthrialta orthu bearta gníomhacha a dhéanamh chun tacú le saoránaigh a bhfuil cúnamh de dhíth orthu, i bhfad thar raon feidhme an tsainordaithe a ceapadh dóibh tráth a glacadh an Treoir<sup>28</sup>. Níl an staid seo lán-oiriúnach, áfach, toisc nach soláthraítear an deimhneacht dhlíthiúil is gá. D’fhéadfaí feabhas a chur ar an tsoiléireacht agus an deimhneacht dhlíthiúil maidir leis na staideanna sin, mar shampla, trí Thoscaireachtaí an Aontais a chumhachtú chun beart a dhéanamh nuair is gá arna iarraidh sin do Bhallstáit<sup>29</sup>.

Ar an tríú dul síos, **cosaint chonsalach do ghrúpaí leochaileacha áirithe i measc na saoránach nach bhfuil ionadaíocht acu**, is rud í nach luaitear sa Treoir. D’fhéadfadh a bheith i gceist léi sin: éilimh ar chosaint chonsalach ó mhná torracha, ó mhionaoisigh neamhthionlactha, ó dhaoine atá faoi mhíchumais luaineachta, ó dhaoine faoi

---

<sup>25</sup> Luaitear i gCinneadh 1313/2013/AE go bhféadfar UCPM ‘a úsáid chun tacaíocht cosanta sibhialta a chur ar fáil le haghaidh cúnamh consalach do shaoránaigh den Aontas arna iarraidh sin d’údarais chonsalacha na mBallstát lena mbaineann’. Chómhaoinigh UCPM 408 n-eitilt aisdúichithe ó 85 thríú tír, arna n-eagrú ag 19 mBallstát, 2 Stáit Rannpháirteacha, agus an Ríocht Aontaithe (a bhí fós rannpháirteach in UCPM le linn na hidirthréimhse) agus filleadh 100 313 dhuine go dtí an Eoraip, 90 060 saoránach den Aontas ina measc.

<sup>26</sup> ST 13613/20.

<sup>27</sup> Sa chomhthéacs sin, féach freisin na conclúidí ón gComhairle an 23 Samhain 2021 maidir le feabhas a chur ar an ullmhacht, cumas freagartha agus athléimneacht i leith géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo, conclúidí inar luaigh an Chomhairle: ‘An-chuid de na ceachtanna a foghlaimíodh le déanaí ba ó phaindéim COVID-19 a tháinig siad. D’ainneoin na n-easnamh, d’éirigh go maith leis an Aontas, a bhuí sin le comhordú agus dlúthpháirtíocht. Cé gur nochtadh bearnaí a bheith ann ó thaobh ullmhachta agus freagartha ar ghéarchéimeanna trasearnálacha, léiríodh freisin, lenár bhfreagairt ar an bpaindéim, a riachtanaí atá sé obair as lámh a chéile agus an breisluach a bhaineann léi. An chaoi ar úsáid Ballstáit comhar agus comhordú consalach an Aontais, le tacaíocht ó SEGS agus ó Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta, chun náisiúnaigh de chuid an Aontais a bhí sáinnithe thar lear i ngeall ar shrianta géarchéime ar thaisteal a aisdúichiú (...) leagann sí béim, i gcás inarb ábhartha, ar an tábhacht a bhaineann le comhordú agus comhar consalach le linn géarchéimeanna agus ar an ngá le ceacht a fhoghlaim ón bhfreagairt ar ráig COVID-19 agus ar ghéarchéimeanna eile, agus tá sí ag fanacht le togra ón gCoimisiún in 2022 maidir le Treoir an Aontais maidir le cosaint chonsalach a athbhreithniú.’ (<https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-14276-2021-INIT/ga/pdf>).

<sup>28</sup> Ar na cásanna is féidir a lua inar sholáthair Toscaireachtaí an Aontais cúnamh díreach do shaoránaigh den Aontas le déanaí, bhí cás saoránaigh den Aontas san Afganastáin maidir le doiciméid taistil, agus cúnamh maidir le tartháil saoránaigh den Aontas ar imigh a bhád le sruth 100 km ón tSomáil.

<sup>29</sup> Féach fonóta 27.

mhíchumas, nó ó dhaoine a fhulaingíonn idirdhealú ar bhonn aon fhoras dá bhforáiltear le hAirteagal 21 den Chairt. Thairis sin, ní leagtar amach sa Treoir aon chóras sonrach maidir le cosaint chonsalach d'íospartaigh coireachta, lena bhféadfaí íospartaigh foréigin baile agus foréigin inscnebhunaithe a áireamh. Is féidir go mbeidh sé níos casta ar dhaoine a bhaineann leis na grúpaí sin cosaint chonsalach leormhaith a rochtain, go háirithe in am géarchéime, mar gheall ar na riachtanais speisialta atá orthu. Cé go dtugann na Ballstáit tús áite sa chleachtas do chúnamh do ghrúpaí leochaileacha nach bhfuil ionadaíocht acu, d'fhéadfaí feabhas a chur ar an deimhneacht dhlíthiúil. D'fhéadfaí leasuithe ar an Treoir, lena soiléireofaí staid speisialta na saoránach leochaileach nach bhfuil ionadaíocht acu, a chur san áireamh chuige sin.

Ar an gceathrú dul síos, d'fhéadfaí bearta breise a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh **saoránaigh den Aontas ar an eolas faoina gcearta maidir leis an gcosaint chonsalach** agus go mbeidh rochtain acu ar **fhaisnéis iontaofa agus cothrom le dáta ionas go bhféadfaidh siad leas iomlán a bhaint astu**. Ba cheart sonraí teagmhála ambasáidí agus chonsalachtaí na mBallstát eile, na consail oinigh atá in inmhe cosaint chonsalach a sholáthar, agus socruithe idir na mBallstát a bheith san áireamh san fhaisnéis sin. Cé go ndéantar tagairt i roinnt airteagal den Treoir do sholáthar faisnéise, níl aon airteagal tiomnaithe inti maidir le teachtaireachtaí a chuirtear ar aghaidh trí bhealaí an Aontais ná le faisnéis ábhartha a sholáthar do shaoránaigh den Aontas a chumhdódh na gnéithe uile a luaitear thuas. Ba mhaith an rud é a leithéid a chur léi chun a áirithiú go soláthraítear íosleibhéal comhsheasmhach faisnéise do shaoránaigh chun feidhmiú chearta shaoránaigh an Aontais maidir leis an gcosaint chonsalach a éascú a thuilleadh.

Maidir leis sin, foráiltear le hAirteagal 2(2) gur gá do na Ballstáit saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu a chur ar an eolas maidir leis an méid inniúlachta atá ag consail oinigh cosaint a sholáthar i gcás faoi leith. Sa bhreis air sin, foráiltear le hAirteagal 7(2) gur gá do na Ballstáit agus don Aontas na socruithe praiticiúla atá ann cheana idir na Ballstáit a chraobhscaoileadh chun an trédhearcacht a áirithiú do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu. Ní dhéanann na Ballstáit bearta sonracha i gcónaí, áfach, chun saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu a chur ar an eolas maidir leis na gnéithe áirithe sin agus ní dhéantar an fhaisnéis a bhailiú ar bhealach cuimsitheach ar leibhéal an Aontais chun í a scaipeadh trí bhealaí cumarsáide an Aontais. Mar gheall air sin, na saoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu tá seans ann nach bhfuil rochtain éasca acu ar an bhfaisnéis maidir leis na socruithe praiticiúla, nó nach mbeidh an fhaisnéis sin leordhóthanach. Dá réir sin, chuirfí feabhas ar an gcosaint chonsalach fhoriomlán ach ceanglais a bheith ann maidir le faisnéis éifeachtach chuimsitheach. Mar chomhlánú ar na bearta a dhéanann na Ballstáit<sup>30</sup>, d'fhéadfadh an tAontas páirt níos láidre a ghlacadh maidir leis sin tríd an bhfaisnéis a chuíchóiriú agus/nó trí lárphointe rochtana a sholáthar agus/nó tuilleadh úsáide a bhaint as a bhealaí cumarsáide áitiúla agus domhanda chun an fhaisnéis a chur ar aghaidh.

D'fhéadfaí, freisin, éifeachtúlacht níos fearr a bhaint amach sa sreabhadh faisnéise in am géarchéime idir SEGS, Toscaireachtaí an Aontais, na Ballstáit agus a gcuid ionadaithe, agus, i gcás inarb infheidhme, an Coimisiún. Tá sé lán chomh tábhachtach feabhas a chur ar an sreabhadh faisnéise chuig saoránaigh. Mar shampla, tríd an gcomhar consalach áitiúil d'fhéadfaí teacht ar chomhaontú maidir le foinse lárnach faisnéise a bheadh ina

---

<sup>30</sup> Tá roinnt Ballstát den Aontas ann a chuireann a gcuid saoránach ar an eolas faoina gcearta maidir leis an gcosaint chonsalach mar shaoránaigh den Aontas, mar shampla trí thagairtí ar phasanna, trí shuímh ghréasáin oifigiúla, agus trí ábhar faisnéise do shaoránaigh atá ina gcónaí nó ag taisteal thar lear.

príomhuirlis cumarsáide le saoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu i staideanna géarchéime i ngach tríú tír. D'fhéadfadh Toscaireacht an Aontais, nó Ballstát arna cheapadh sa ról sin, bainistíocht a dhéanamh ar an mbealach/na bealaí cumarsáide sin.

Ar deireadh, ba cheart do na Ballstáit **rochtain ar leigheas dlí agus cúiteamh éifeachtach** a sholáthar do shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu chun a áirithiú go mbeidh bealach ag saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu leigheas dlí agus cúiteamh a lorg nuair a sháraítear a gcearta maidir leis an gcosaint chonsalach<sup>31</sup>. Chun feidhmiú chearta shaoránaigh an Aontais maidir leis an gcosaint chonsalach a éascú a thuilleadh, d'fhéadfaí machnamh a dhéanamh faoi **bhonn dlí sainráite a thabhairt isteach sa Treoir maidir le sonraí pearsanta saoránach den Aontas a phróiseáil**, go háirithe i staideanna géarchéime. Sa bhreis air sin, i bhfianaise líon agus scála mhéadaithigh na ngéarchéimeanna, is gá tuilleadh úsáide a bhaint as sásraí réamhaisnéise le haghaidh ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna, go háirithe ag féachaint don dochar a dhéantar do dhaoine nuair a chliseann ar an gcosaint chonsalach.

## 5. Pointí sonracha measúnaithe

Sa roinn seo a leanas déantar meastóireacht ar chur chun feidhme agus ar chur i bhfeidhm Chaibidil 1 (forálacha ginearálta agus raon feidhme), Chaibidil 2 (bearta comhordaithe agus comhair) agus Chaibidil 3 (forálacha airgeadais) den Treoir.

### 5.1. Forálacha ginearálta agus raon feidhme

#### 5.1.1. Consail oinigh (Airteagal 2(2)).

De bhun Airteagal 2(2), féadfaidh na Ballstáit a chinneadh an mbeidh feidhm ag an Treoir maidir leis an gcosaint chonsalach a sholáthraíonn consail oinigh. Ceanglaítear ar na Ballstáit, leis an Airteagal sin, a áirithiú go gcuirtear saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu ar an eolas mar is cuí maidir leis na cinntí sin agus maidir leis an méid inniúlachta atá ag consail oinigh cosaint a sholáthar i gcás faoi leith.

De thoradh sholúbthacht na Treorach i ndáil leis sin, ní hionann cur chun feidhme na forála sin ó Bhallstát go chéile. Tá roinnt Ballstát ann a chuireann san áireamh go sainráite ina reachtaíocht go soláthróidh consail oinigh cosaint chonsalach do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu. I roinnt de na Ballstáit sin, sonraítear freisin sa reachtaíocht náisiúnta nach bhféadfaidh consail oinigh an cúnamh sin a sholáthar do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu ach amháin má thugann an Aireacht Gnóthaí Eachtracha saintreoir dóibh é sin a dhéanamh. Tá Ballstáit eile ann a shonraíonn go sainráite ina reachtaíocht nach bhfuil feidhm ag an Treoir maidir le consail oinigh, sin nó nach bhfuil foráil shainráite maidir leis an ábhar sin glactha acu.

Maidir le cur chun feidhme Airteagal 2(2) sa chleachtas, d'fhéadfadh roinnt de na Ballstáit nach bhfuil forálacha dlíthiúla sonracha acu maidir leis an ábhar sin ról a thabhairt dá gcuid consail oinigh ar bhonn cás ar chás, uaireanta trína chur ar a gcumas dóibh páirt a ghlacadh i gcuinnithe comhair áitiúil i gcás ina gcomhaontaítear sin ar an leibhéal áitiúil. Ar an taobh eile, i roinnt de na Ballstáit sin ina gceadaíonn an dlí náisiúnta do chonsail oinigh an chosaint chonsalach a sholáthar, ní bhíonn an ról sin ag na consail oinigh sa chleachtas. Go foriomlán, i bhformhór na mBallstát, is fiú a thabhairt

---

<sup>31</sup> Féach Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha.

faoi deara gur annamh a bhíonn baint ag na consail oinigh le soláthar na cosanta consalaí do shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu, sin nó ní bhíonn baint acu leis riamh. Níl ach Ballstát amháin ann ina nglacann na consail oinigh páirt go measartha (10-25 % den chosaint chonsalach uile a sholáthraítear do shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu). Ar na fáthanna a luann na Ballstáit nach leathnaítear raon feidhme na Treorach chun na consail oinigh a chumhdach, áirítear na cumhachtaí teoranta atá acu go ginearálta (i dtaca lena náisiúnaigh féin freisin), na seirbhísí teoranta is féidir leo a sholáthar (mar shampla, ní féidir leis an gcuid is mó acu deimhnithe taistil éigeandála a eisiúint), agus an acmhainneacht theoranta atá acu<sup>32</sup>. Maidir leis sin, i bhformhór mór na mBallstát, bíonn na cumhachtaí a shanntar do chonsal oinigh níos srianta ná cumhachtaí na ngnáthoifigeach consalach.

Ní i gcónaí a dhéanann na Ballstáit bearta sonracha chun saoránaigh agus Ballstáit eile a chur ar an eolas faoin méid inniúlachta atá ag consail oinigh cosaint chonsalach a sholáthar i gcás faoi leith. Mar shampla, seans nach mbeidh sé soiléir an bhfuil sé de chumhacht ag consal oinigh de chuid Ballstáit deimhnithe taistil éigeandála a eisiúint do shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu. Is féidir go gcruthófar éiginnteacht dá thoradh sin.

Mar fhocal scoir, go hiondúil bíonn cumhachtaí teoranta ag consail oinigh agus is in imthosca eisceachtúla is mó a ghlacann siad páirt sa chosaint chonsalach. Dá ainneoin sin, is féidir go mbeidh ról fhíor-riachtanach acu i staideanna géarchéime. Maidir leis an méid sin, d'fhéadfaí feabhas a chur ar an gcaoi a gcuireann na Ballstáit a chéile agus saoránaigh den Aontas ar an eolas faoi chonsail oinigh a bheith ann agus faoin méid is féidir leo cosaint chonsalach a sholáthar do shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu.

#### 5.1.2. Saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu i dtríú tíortha (Airteagail 4 agus 6)

Déantar foráil in Airteagail 4 agus 6 maidir le sainmhíniú ar 'shaoránach nach bhfuil ionadaíocht aige'. Cumhdaíonn an sainmhíniú sin gach saoránach a bhfuil náisiúntacht Bhallstáit aige, ar Ballstát é nach bhfuil ionadaíocht aige i dtríú tír, i.e. níl ambasáid ná consalacht dá chuid bunaithe inti ar bhonn buan, nó níl ambasáid, consalacht ná consal oinigh dá chuid inti atá go héifeachtach in inmhe cosaint chonsalach a sholáthar i gcás faoi leith.

Dá réir sin, i gcás ina bhfuil ambasáid, consalacht, nó consal oinigh ag Ballstát náisiúntachta an tsaoaránaigh atá bunaithe i dtríú tír, ach nach bhfuil siad sin, ar chúis ar bith, in inmhe an chosaint a sholáthar don saoránach lena mbaineann a mbeadh sé incháilithe lena fáil de réir an dlí nó an chleachtais náisiúnta i gcás faoi leith murach sin, ba cheart a mheas freisin gur saoránach an saoránach sin 'nach bhfuil ionadaíocht aige'. Mar a luaitear in Aithris 8 den Treoir, ba cheart an inrochtaineacht agus an chónagaracht a chur san áireamh freisin sa chomhthéacs sin. Mar shampla, saoránach a lorgaíonn cosaint chonsalach ar ambasáid nó ar chonsalacht Bhallstáit eile, níor cheart é a atreorú chuig ambasáid, consalacht, nó consal oinigh de chuid a Bhallstáit náisiúntachta féin mura féidir leis an saoránach sin, mar gheall ar chúinsí áitiúla (e.g. de thoradh suaití sa chóras

---

<sup>32</sup> Beidh feidhm ag formáid nua don deimhniú taistil éigeandála AE 36 mhí i ndiaidh do na sonraíochtaí teicniúla breise le haghaidh deimhnithe taistil éigeandála, arna suí le Treoir (AE) 2019/997 ón gComhairle, a bheith glactha. Caithfear an trealamh lena gclóítear an fhormaid chomhionann do víosaí a úsáid le haghaidh na formáide nua. Is féidir, mar sin, go bhféadfaí tionchar a imirt ar an bhféidearthacht cúnaimh cosanta consalachta den chineál sin a chur ar fáil in áiteanna ina bhfuil láithreacht theoranta ag na Ballstáit.

iompair de dheasca tubaiste nádúrtha) nó ar easpa acmhainní, na hinstitiúidí sin a rochtain go sábháilte, nó mura féidir leosan eisean a rochtain go sábháilte, ar bhealach a ligeann dó cosaint chonsalach a fháil. Dar ndóigh beidh gá le measúnú cás-ar-chás maidir leis sin. Coincheap na héagmaise ionadaíochta, ba cheart é a léirmhíniú ar bhealach lena n-áiríthítear éifeachtacht cheart na saoránach nach bhfuil ionadaíocht acu cosaint a fháil ó ambasáid nó consalacht Ballstáit eile faoi na coinníollacha céanna lena náisiúnaigh féin, agus dálaí gach cáis faoi leith á gcur san áireamh, go háirithe staideanna géarchéime. Mar a mhínítear thíos, measann an Coimisiún go bhféadfadh sé, maidir leis na cásanna inar féidir a mheas nach bhfuil ionadaíocht ag saoránach den Aontas toisc nach bhfuil ambasáid, consalacht ná consal oinigh i dtríú tír atá go héifeachtach in inmhe cosaint chonsalach a sholáthar, gur ghá na cásanna sin a shoiléiriú a thuilleadh agus an deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú maidir leo.

Na sainmhínithe in Airteagail 4 agus 6, tá siad trasuite ag an gcuid is mó de na Ballstáit<sup>33</sup>.

Go foriomlán, is fíor-annamh, de réir dealraimh, na cásanna ina ndíulthaíonn Ballstáit cosaint chonsalach a sholáthar do shaoránach den Aontas a bhfuil náisiúntacht Bhallstáit eile aige toisc nach meastar nach bhfuil ionadaíocht aige.

Tá sé tuairiscithe ag an gcuid is mó de na Ballstáit go mbíonn siad in ann raon feidhme na Treorach a chinneadh maidir le ‘saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu’ sa chuid is mó de na cásanna. Tá sé curtha in iúl ag roinnt Ballstát, áfach, go mbíonn deacrachtaí acu a chinneadh an bhfuil ambasáid, consalacht nó consal oinigh arb ann dó go héifeachtach in inmhe cosaint chonsalach a sholáthar. Go háirithe, agus cinneadh á dhéanamh acu an féidir le hionadaíochtaí consalacha cosaint chonsalach a sholáthar go héifeachtach i dtríú tír, bíonn léirmhínithe éagsúla ag na Ballstáit ar choincheap amhail an ‘inrochtaineacht’ agus an ‘chóngarachta’. Cé go gcuireann roinnt Ballstát gné na hiargúlachta nó na hacmhainneachta san áireamh sa mheasúnú, tá Ballstáit eile ann nach gcuireann. Luaigh roinnt Ballstát deacrachtaí maidir lena chinneadh a mhéid a d’fhéadfadh éagmais ionadaíochta a eascairt ó easpa chóngarachta. Bíonn coinne ag roinnt Ballstát go gcaithfidh saoránaigh dua a chur orthu féin le hionadaíochtaí a mBallstát náisiúntachta a rochtain, fiú más i bhfad uathu atá siad. Tá sé tuairiscithe ag Ballstáit go dtéann siad i dteagmháil go díreach, i gcás amhais, le hAireacht Gnóthaí Eachtracha Bhallstát na náisiúntachta, agus, mar riail ghinearálta, go ngéilleann siad do mheasúnú an Bhallstáit sin agus cinneadh á dhéanamh acu ar cheart a mheas nach bhfuil ionadaíocht ag duine. Go ginearálta, is é dearcadh formhór na mBallstát go mbíonn tairseacha éagsúla i gceist chun a mheasúnú an bhfuil duine gan ionadaíocht de réir chineál agus phráinn an cháis. I staideanna géarchéime go háirithe, nuair a bhíonn Ballstáit ag plé le hiarrataí práinneacha ar chúnamh, is féidir go mbeidh sé an-deacair dóibh a dheimhniú go tráthúil nach bhfuil ionadaíocht ag saoránach.

I bhfianaise an mhéid a luaitear thuas, is féidir go mbeidh scóip ann tuilleadh soiléireachta a thabhairt do choincheap an ‘tsaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht aige’, go háirithe i gcásanna nach ann d’ambasáid, consalacht ná consal oinigh de chuid an Bhallstáit náisiúntachta atá go héifeachtach in inmhe cosaint chonsalach a sholáthar. Le tuilleadh soiléirithe, lena n-áirítear soiléirithe maidir le staideanna géarchéime, d’éascófaí feidhmiú chearta shaoránaigh an Aontais maidir leis an gcosaint chonsalach. D’fhéadfadh

---

<sup>33</sup> Leanann an Coimisiún de bheith i mbun idirphlé leis na Ballstáit chun cur chun feidhme iomlán na Treorach a fhíorú.

‘toimhde neamhionadaíochta’ in am géarchéime a bheith i gceist, mar shampla, agus í ag baint le práinn na hiarrata ar chúnamh.

#### 5.1.3. Daoine de theaghlaigh na saoránach nach bhfuil ionadaíocht acu i dtríú tíortha (Airteagal 5)

De bhun Airteagal 5, tá na Ballstáit le cosaint chonsalach a sholáthar do dhaoine den teaghlach, nach saoránaigh den Aontas iad féin ach atá ag tionlacan saoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu i dtríú tír, an méid céanna agus faoi na coinníollacha céanna agus a soláthrófaí í do dhaoine nach saoránaigh den Aontas iad de theaghlaigh shaoránaigh an Bhallstáit chúnaimh, i gcomhréir le dlí nó cleachtas náisiúnta an Bhallstáit sin. Mar a luaitear in Aithris 9 den Treoir, d’fhéadfadh sé, de réir chúinsí aonair gach cáis, go mbeadh gá leis an gcosaint sin chun éifeachtacht an chirt maidir leis an gcosaint chonsalach agus an chirt chun measa ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh, mar a aithnítear in Airteagal 7 den Chairt, a áirithiú.

Ní raibh ach trí Bhallstát ann a thuairiscigh nach soláthróidís, mar phrionsabal, cosaint chonsalach do dhaoine nach saoránaigh den Aontas iad de theaghlaigh saoránach den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu, toisc nach soláthraíonn siad cosaint chonsalach do dhaoine de theaghlaigh a gcuid náisiúnach féin i gcomhréir lena ndlíthe náisiúnta. Féadfaidh Ballstát amháin de na Ballstáit sin cosaint a sholáthar do na daoine sin den teaghlach go heisceachtúil i staideanna géarchéime, faoi na coinníollacha céanna lena náisiúnaigh féin.

I bhformhór na mBallstát, déantar measúnú ar bhonn cáis ar chás maidir le cosaint chonsalach a sholáthar do dhaoine nach saoránaigh den Aontas iad de theaghlaigh saoránach den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu. De réir dhlí agus chleachtas náisiúnta an Bhallstáit, is féidir duine den neasteaghlach (amhail clann, céile, nó tuismitheoirí) a áireamh mar dhuine den teaghlach, ach is féidir go gcumhdaítear an teaghlach sínte (amhail siblíní, uncailí, aintíní, colanna gaolmhara) freisin. Ar an dóigh chéanna, bíonn léirmhínte éagsúla ag na Ballstáit ar a bhfuil i gceist leis an saoránach nach bhfuil ionadaíocht aige a ‘thionlacan’. Sa chleachtas, is iondúil go dtugtar tús áite ó thaobh cúnaimh de do ghaolta den chéad chéim. I gcomparáid le cleachtas na mBallstát in amanna neamh-ghéarchéime, tugtar cosaint bhreise in am géarchéime, de réir thromchúis agus éigeandáil na staide géarchéime agus i gcomhréir leo sin.

#### 5.1.4. Rochtain na cosanta consalaí agus socruithe eile (Airteagal 7)

Suitear le hAirteagal 7(1) an prionsabal ginearálta go dtairbhíonn saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu de chosaint a lorg ar ambasáid nó ar chonsalacht aon Bhallstáit.

Ní chuireann sé sin cosc ar na Ballstáit, áfach, socruithe déthaobhacha a chomhaontú, mar a leagtar amach in Airteagal 7(2) den Treoir, chun cosaint éifeachtach a áirithiú do shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu<sup>34</sup>. Ar an gcéad dul síos, féadfaidh Ballstáit ionadaíocht a dhéanamh ar Bhallstát eile ar bhonn buan mar a fhoráiltear in Airteagal 8 de Choinbhinsiún Vín ar Chaidreamh Consalachta. Ar an dara dul síos, féadfaidh ambasáidí nó consalachtaí na mBallstát, i gcás ar bith ina meastar gur gá sin, socruithe praiticiúla a thabhairt i gcrích maidir leis na freagrachtaí as cosaint chonsalach a sholáthar do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu a roinnt. Tá fógra le tabhairt don

<sup>34</sup> Féach Aithris 10 den Treoir freisin.

Choimisiún agus do SEGS faoi shocrúithe den chineál sin, agus tá siad le craobhscaoileadh ag an Aontas agus ag na Ballstáit chun trédhearcacht a áirithiú.

I gcásanna inar tugadh socrú praiticiúil i gcrích, ceanglaítear de bhun Airteagal 7(3) den Treoir ar ambasáid nó consalacht ar a lorgaíonn an saoránach nach bhfuil ionadaíocht aige cosaint chonsalach, murar ainmníodh í le bheith inniúil de réir an tsocraithe shonraigh atá i bhfeidhm, a áirithiú go n-atreorófar an t-iarratas chuig an ambasáid nó chuig an gconsalacht ábhartha, ach amháin dá gcuirfí an chosaint chonsalach i mbaol leis sin, go háirithe más gá, mar gheall ar phráinn an ábhair, gníomhaíocht láithreach ón ambasáid nó ón gconsalacht ar iarradh an chosaint uirthi.

Tá socrúithe den chineál sin tugtha i gcrích i bhfoirm éigin ag na Ballstáit uile. I dtaca leis sin, sainaithníodh dhá fhadhb is féidir a bheith ina gcúis le moilleanna ar an gcosaint chonsalach dá dtairbhíonn saoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu, nó le bacainní rompu agus an chosaint sin á lorg acu.

Ar an gcéad dul síos, an chuid is mó de na socrúithe, ní chraobhscaoiltear a dhóthain iad chun a áirithiú go mbeidh trédhearcacht ann agus go mbainfidh saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu úsáid éifeachtach astu. Mar bheart breise, d'fhéadfaí gach socrú buan idir Ballstáit a thaifead in ionad láraithe mar chomhlánú ar aon shainfhaisnéis a thiomsaítear d'áit faoi leith. Chuideodh sin lena shoiléiriú cén Ballstát atá freagrach, de réir socrú a rinneadh cheana, as cúnamh a thabhairt do shaoránaigh de Bhallstáit eile nach bhfuil ionadaíocht acu.

Is féidir go mbeadh scóip ann an oibleagáid atá ar na Ballstáit maidir le fógra a thabhairt don Choimisiún, do SEGS, agus do Thoscaireachtaí an Aontais faoi shocrúithe déthaobhacha agus praiticiúla a neartú a thuilleadh (ionas go bhféadfar iad a lua ar bhealaí cumarsáide an Aontais lena gcrabhscaoileadh a thuilleadh), mar shampla trí chreat ama a shonrú ar cheart an fógra a thabhairt laistigh de. B'úsáideach an rud é ceanglais den nós céanna a thabhairt isteach maidir le fógraí a thabhairt faoi chomhairle taistil agus liostaí teagmhálacha líonraí consalacha na mBallstát, lena n-áireofaí na consail oinigh agus an méid is féidir leo cosaint chonsalach a sholáthar, i gcás na mBallstát a chuireann Airteagal 2(2) i bhfeidhm.

Ar an dara dul síos, i roinnt cásanna, d'iarr na Ballstáit go dtabharfaí comhaontú déthaobhach i gcrích idir na haireachtaí gnóthaí eachtracha faoi seach sula soláthrófaí cúnamh do shaoránach de Bhallstát eile nach raibh ionadaíocht aige, siúd agus nach bhfuil aon cheanglas den sórt sin sa Treoir. Sa bhreis air sin, i roinnt cásanna, dhiúltaigh Ballstáit a raibh ionadaíocht acu cosaint chonsalach a sholáthar do shaoránaigh nach raibh ionadaíocht acu agus d'áitigh siad gurbh ar Bhallstáit eile a raibh ionadaíocht acu an fhreagracht sin mar gheall ar shocrúithe déthaobhacha. Maidir leis sin, ba cheart a mheabharrú go bhforáiltear le hAirteagal 7 go dtairbhíonn saoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu de chosaint a lorg ar ambasáid nó ar chonsalacht aon Bhallstáit. Thairis sin, measann sé i gcásanna inar tugadh comhaontuithe i gcrích gurbh ar údarais na mBallstát ar a dtriallann an saoránach, agus ní ar aon saoránach féin lena mbaineann, atá sé an t-iarratas a atreorú chuig an ambasáid nó an chonsalacht ábhartha.

Go foriomlán, samhlaíonn sé go bhfuil easpa soiléireachta agus tuisceana ann maidir leis an nós imeachta chun iarratais ó shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu a atreorú. Sa bhreis air sin, cé go ndéantar foráil sa Treoir maidir le socrúithe déthaobhacha a chur ar bun idir Ballstáit, dealraíonn sé gur gá a shoiléiriú a thuilleadh nach

réamhchoinníoll é sin chun cúnamh consalach a sholáthar do shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu.

#### 5.1.5. Sainithint (Airteagal 8)

Ceanglaítear ar iarratasóirí a lorgaíonn cosaint chonsalach, le hAirteagal 8(1), a chruthú gur saoránaigh den Aontas iad trína bpas nó a gcárta aitheantais a thaispeáint. Faoi Airteagal 8(2), mura bhfuil an saoránach den Aontas in ann pas nó cárta aitheantais bailí a thaispeáint, is féidir an náisiúntacht a chruthú trí aon bhíthin eile, lena n-áirítear, más gá, í a fhíorú le húdarais taidhleoireachta nó chonsalacha an Bhallstáit a maíonn an t-iarratasóir gur saoránach de é. Foráiltear le hAirteagal 8(3), maidir leis na daoine den teaghlach dá dtagraítear in Airteagal 5, gur féidir a gcéannacht agus fírinne an ghaoil teaghlaigh a chruthú trí aon bhíthin, lena n-áirítear an Ballstát cúnamh iad a fhíorú le húdarais taidhleoireachta nó chonsalacha Ballstáit náisiúntachta na saoránach den Aontas dá dtagraítear in Airteagal 8(1).

Tá Airteagal 8 trasuite sa dlí náisiúnta ag formhór na mBallstát<sup>35</sup>.

Dealraíonn sé go bhfuil cur i bhfeidhm na forála sin éifeachtach go foriomlán, agus níl fadhbanna móra tuairiscithe ag na Ballstáit maidir le saoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu ná daoine dá dteaghlaigh a shainaithint agus iad ag lorg cúnamh consalach.

#### 5.1.6. Cineálacha cúnamh (Airteagal 9)

Liostaítear in Airteagal 9, go neamh-uileghabhálach<sup>36</sup>, na cásanna is coitianta ina bhféadfaidh saoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu cúnamh consalach a lorg ar na Ballstáit a bhfuil ionadaíocht acu:

- gabháil nó coinneáil;
- a bheith ina íospartach coireachta;
- timpiste thromchúiseach nó breoiteacht thromchúiseach;
- bás;
- fóirithint nó aisdúichiú i gcás éigeandála; agus
- gá le deimhnithe taistil éigeandála.

In aon chás de na cásanna sin, ní mór do na Ballstáit pé cúnamh a sholáthróidís dá náisiúnaigh féin a sholáthar do shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu. Dá thoradh sin, is féidir go mbeidh leibhéil tacaíochta éagsúla i gceist ó Bhallstát go chéile.

Soláthraíonn na Ballstáit uile cosaint chonsalach sna sé chás a liostaítear in Airteagal 9 den Treoir. Dealraíonn sé go bhfuil éagsúlacht mhór ó Bhallstát go chéile sna cineálacha beachta cúnamh a sholáthraíonn na Ballstáit sa chleachtas, agus de ghnáth cuirtear cúinsí sonracha gach cáis san áireamh. Luann formhór na mBallstát na sé chás dá bhforáiltear in Airteagal 9 go sonrach ina ndlí náisiúnta, cé is moite de dhá Bhallstát ina gcumhdaítear na sé chás le beartas nó le cleachtas. Sa bhreis air sin, déanann roinnt Ballstát foráil

<sup>35</sup> Leanann an Coimisiún de bheith i mbun idirphlé leis na Ballstáit chun cur chun feidhme iomlán na Treorach a fhíorú.

<sup>36</sup> Mar a luaitear in Aithris 14 den Treoir, '[ó]s rud é go mbraitheann an cúnamh a bhfuil gá leis i gcónaí ar na cúinsí fíorasacha, níor cheart an chosaint chonsalach a bheith teoranta do na cásanna a luaitear go sonrach sa Treoir seo'.

shainráite maidir leis an Treoir a chur i bhfeidhm i gcásanna nach iad siúd a liostaítear in Airteagal 9 freisin, amhail i leith mionaoisigh neamhthionlactha.

Tá sé le tuiscint ón bhfianaise gurb é deimhniú taistil éigeandála a bheith de dhíth an cás is minice ina soláthraíonn Ballstáit cúnamh do shaoránaigh de Bhallstáit eile lasmuigh de staideanna géarchéime, agus fiafraithe agus iarrataí ar fhaisnéis sa dara háit. Tá sé sin ar na cúiseanna gur glacadh Treoir (AE) 2019/997 ón gComhairle an 18 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Deimhniú Taistil Éigeandála AE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 96/409/CBES<sup>37</sup>, Treoir a meastar go mbeidh sí i bhfeidhm ó 2025. In 2020, ba le fóirithint agus aisdúichiú i gcás éigeandála a bhain formhór na gcásanna inar soláthraíodh cúnamh do shaoránaigh den Aontas nach raibh ionadaíocht acu, mar gheall ar chomhthéacs ghéarchéim COVID-19. Meastar nach raibh ionadaíocht ag 500 ar a laghad de na saoránaigh den Aontas agus de na daoine dá dteaghlaigh a aslonnaíodh as an Afganastáin.

Cé gur liosta neamh-uileghabhálach é an liosta cásanna a thugtar thuas, thuairiscigh roinnt Toscaireachtaí de chuid an Aontais cásanna inar dhiúltaigh Ballstát cosaint chonsalach do shaoránaigh den Aontas nach raibh ionadaíocht acu. Sna cásanna sin, ba é an fáth a chuir an Ballstát lena dhiúltú nach raibh an cúnamh a iarradh ar na cineálacha cúnamh a liostaítear, siúd agus gur cheangal a reachtaíocht náisiúnta féin air an cúnamh céanna a sholáthar dá náisiúnaigh féin.

Is tábhachtach a thabhairt faoi deara nach bhfuil na cineálacha cúnamh a luaitear in Airteagal 9 uileghabhálach, eadhon tairbhíonn saoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu, ar bhealach neamh-idirdhealaitheach, de chúnamh cosanta consalachta a sholáthraíonn na Ballstáit dá náisiúnaigh féin.

Is léir ó na torthaí sin go bhféadfaí feabhas a chur ar an tsoiléireacht maidir leis an gcúnamh consalach atá le soláthar ag na Ballstáit do shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu d'fhonn tuilleadh intuarthachta agus deimhneachta dlíthiúla a áirithiú.

## 5.2. Bearta comhordaithe agus comhair

### 5.2.1. Rialacha ginearálta (Airteagal 10)

Ceanglaítear ar na Ballstáit le hAirteagal 10(1) dlúthchomhar agus dlúth-chomhoibriú a dhéanamh le chéile agus leis an Aontas chun cosaint na saoránach nach bhfuil ionadaíocht acu a áirithiú. Sonraítear le míreanna 2 agus 3 d'Airteagal 10 an chaoi a bhfuil an Ballstát cúnamh le dul i gcomhar le Ballstát náisiúntachta an tsaoaránaigh nach bhfuil ionadaíocht aige nuair a ghlacann sé iarraidh ar chosaint chonsalach. Tá ceanglais i míreanna 2 agus 3 freisin maidir le malartú faisnéise faoin iarraidh ar chúnamh, faoi chéannacht an tsaoaránaigh nach bhfuil ionadaíocht aige a iarrann cúnamh agus faoi chéannacht aon duine dá theaghlach ar féidir gur gá cúnamh a sholáthar dó freisin. Ina theannta sin, tá an Ballstát cúnamh le malartú faisnéise idir an saoránach agus Ballstát a náisiúntachta a éascú, ach is é an Ballstát náisiúntachta atá freagrach as teagmhálacha le daoine de theaghlach an tsaoaránaigh agus le haon duine nó údarás ábhartha eile. Sonraítear le hAirteagal 10(4) go bhfuil na Ballstáit le SEGS a chur ar an eolas, trína shuíomh gréasáin slán, faoi na pointí teagmhála ábhartha sna haireachtaí gnóthaí eachtracha.

---

<sup>37</sup> IO L 163, 20.6.2019, lch. 1

Tá Airteagal 10 trasuite sa dlí náisiúnta ag formhór na mBallstát<sup>38</sup>.

Thuairiscigh na Ballstáit gurb éifeachtach an comhar agus an comhordú eatarthu go foriomlán. I bhformhór mór na gcásanna, is iad Toscaireachtaí an Aontais a áirithíonn an comhordú sin sa chleachtas, agus de ghnáth tionóltar na cruinnithe comhair chonsalaigh áitiúil ina n-áitribh. Mar sin féin, sainaithníodh roinnt fadhbanna. Leagtar amach anseo thíos iad.

Ar an gcéad dul síos, bhí cásanna ann, dá annaimhe iad, inar iarr saoránaigh den Aontas nach raibh ionadaíocht acu cúnamh ar Bhallstát eile agus inar chuir an Ballstát sin an iarraidh ar aghaidh chuig an ambasáid ba chongaraí de chuid Bhallstát náisiúntachta an tsaoaránaigh i ndlínse chomharsanachta.

Ar an dara dul síos, i roinnt cásanna, dhiúltaigh Ballstáit náisiúntachta faisnéis maidir lena saoránaigh a sholáthar do na Ballstáit chúnamh, ag maíomh dóibh go raibh siad ag cosaint a sonraí pearsanta.

Ar an tríú dul síos, ó am go chéile bíonn an líon iarrataí aonair ó shaoránaigh den Aontas le linn staidéanna géarchéime thar cumas na mBallstát a bhfuil ionadaíocht acu, agus áirítear ar na cúiseanna sin an rochtain theoranta atá ag na Ballstáit nach bhfuil ionadaíocht acu ar fhaisnéis a scaiptear i líonraí comhordaithe áitiúla. Go hiondúil, na hambasáidí agus na consalachtaí is tapúla a fhreagraíonn iarrataí ó shaoránaigh, is iadsan a fhaigheann an líon is mó iarrataí le himeacht ama, agus dá bhrí sin dídhreasaítear iad de bheith ag gníomhú go pras. Sna cásanna sin, d'fhéadfaí an brú ar na Ballstáit atá ar an láthair i dtríú tír a laghdú trí na seirbhísí consalacha a dhigiteáil a thuilleadh agus trí chomhar feabhsaithe.

Is éifeachtach, go foriomlán, an comhar idir na Ballstáit maidir le cosaint chonsalach a sholáthar do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu. Ag féachaint do na cásanna a leagtar amach thuas, áfach, tá roinnt neamhéifeachtúlachtaí ann a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le moilleanna ar an gcúnamh do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu nó fiú le heasnamh cúnamh. Rudaí atá fíorshuntasach i ndáil leis seo is ea an easpa uirlisí digiteacha, ceisteanna acmhainneachta go háirithe in am géarchéime, agus easnamh aon bhunúis shainráite dlí chun sonraí pearsanta saoránach den Aontas a phróiseáil (lena n-áirítear maidir le haistrithe sonraí). Maille leis sin, d'fhéadfaí tuilleadh feabhais a chur ar fheasacht na n-údarás consalach ar na prionsabail agus na ceanglais dá bhforáiltear sa Treoir chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad a n-oibleagáid an cúnamh a sholáthar nuair is gá.

#### 5.2.2. Ról Thoscaireachtaí an Aontais (Airteagal 11)

Foráiltear le hAirteagal 11 go bhfuil Toscaireachtaí an Aontais le dul i ndlúthchomhar agus dlúthchomhordú le hambasáidí agus consalachtaí na mBallstát chun rannchuidiú leis an gcomhar agus comhordú áitiúil agus leis an gcomhar agus comhordú géarchéime, go háirithe trí thacaíocht lóistíochta a sholáthar agus trí fhaisnéis a sholáthar faoin gcúnamh dá bhféadfadh saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu tairbhiú. Sa bhreis air sin, éascaíonn Toscaireachtaí an Aontais agus ceanncheathrú SEGS malartú na faisnéise idir ambasáidí agus consalachtaí na mBallstát agus, más iomchuí, leis na húdaráis áitiúla. Ar deireadh, ní mór do Thoscaireachtaí an Aontais faisnéis ghinearálta a chur ar fáil freisin

<sup>38</sup> Leanann an Coimisiún de bheith i mbun idirphlé leis na Ballstáit chun cur chun feidhme iomlán na Treorach a fhíorú.

maidir leis an gcúnamh dá bhféadfadh saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu tairbhiú, go háirithe maidir le socruithe praiticiúla comhaontaithe más infheidhme

Sainítear sainordú Thoscaireachtaí an Aontais i réimse na cosanta consalaí a thuilleadh in Airteagal 5(10) de Chinneadh SEGS, lena gceanglaítear ar na toscaireachtaí sin ‘tacú leis na Ballstáit ina gcaidreamh taidhleoireachta agus sa ról atá acu cosaint chonsalach a sholáthar do shaoránaigh den Aontas i dtríú tíortha ar bhonn atá neodrach ó thaobh acmhainní de, arna iarraidh sin do na Ballstáit’<sup>39</sup>. Soiléiríonn sin go bhfuil Toscaireachtaí an Aontais ceaptha tacaíocht a sholáthar do na Ballstáit chun cúnamh a thabhairt do shaoránaigh den Aontas, bíodh ionadaíocht acu nó ná bíodh.

Tá Toscaireachtaí an Aontais fíor-riachtanach le go bhfeidhmeoidh na líonraí comhair chonsalacha áitiúil. Tá príomhról acu mar chathaoirligh na gcrúinnithe comhair chonsalacha áitiúil nó mar thaca leis an gcathaoirleach, mar óstach do na cruinnithe sin, agus chun ullmhacht na mBallstát i gcomhair géarchéimeanna consalacha, agus a bhfreagairt orthu, a chomhordú ar an leibhéal áitiúil. Maidir lena ról i dtaca le saoránaigh den Aontas, is é atá i gceist leis go príomha comhordú a dhéanamh agus teagmhálacha a chur ar bun idir saoránaigh agus na hionadaíochtaí de chuid na mBallstát atá in inmhe cosaint chonsalach a sholáthar. Maidir leis sin, is minic do Thoscaireachtaí an Aontais, ag feidhmiú dóibh mar phointe fócasach do na Ballstáit (agus i gcásanna áirithe do shaoránaigh den Aontas) páirt ghníomhach a ghlacadh thar a gceanglaítear orthu sa Treoir.

Cé go measann na Ballstáit go bhfuil an comhar foriomlán le Toscaireachtaí an Aontais, agus an comhordú a dhéanann siad, éifeachtach, chuir cuid mhór acu i dtábhacht gur gá ról foriomlán Thoscaireachtaí an Aontais a neartú. Cheana féin, glacann Toscaireachtaí an Aontais páirt réamhghníomhach i staideanna géarchéime agus i staideanna neamhghéarchéime, agus is minic do Bhallstáit iarraidh orthu gníomhú lasmuigh dá sainchúraimí, go háirithe trí chúnamh díreach a sholáthar do shaoránaigh den Aontas atá i ngátar, mar a léiríonn cásanna a bhí ann le déanaí.

Le linn phaindéim COVID-19, bhí beagnach gach Toscaireacht de chuid an Aontais anghníomhach i gcomhordú foriomlán ghníomhaíocht na mBallstát, lena n-áirítear eitiltí aisdúichithe a chomhordú agus faisnéis a mhalartú le hionadaíochtaí gairmiúla agus le consail oinigh araon. I roinnt cásanna, amhail Fidsí, áit nach bhfuil láithreach taidhleoireachta ach ag líon beag Ballstát, ba í Toscaireacht an Aontais a ghlac an príomhról chun eitiltí aisdúichithe le haghaidh saoránaigh den Aontas a chomhordú<sup>40</sup>.

Le linn aertharlú Chabúl san Afganastáin in 2021, chuaigh Ballstáit nach raibh ar an bhfód ag aerfort Chabúl i muinín SEGS agus Thoscaireacht an Aontais chun rochtain an aerfoirt agus suíocháin ar bord aerárthaí a fháil dá gcuid saoránach. D’oibrigh SEGS agus Toscaireacht an Aontais chun na saoránaigh sin a chur i dteagmháil le comhghleacaithe ó na Ballstáit a bhí ar an bhfód ag aerfort Chabúl.

---

<sup>39</sup> Féach freisin Airteagal 221(2) CFAE.

<sup>40</sup> Sa Chinneadh uaidh an 4 Bealtaine 2022 maidir le hurscaoileadh i leith buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme don bhliain airgeadais 2020 (P9\_TA(2022)0153), luaigh Parlaimint na hEorpa an méid seo a leanas: ‘Tréaslaíonn sí le SEGS an ról ríthábhachtach a bhí aige sa mhórgníomhaíocht éigeandála chun breis agus 600 000 saoránach den Aontas a bhí sáinnithe ar fud an domhain a aisdúichiú, agus é ag cuidiú an tráth céanna leis an oibríocht mhórscála dhaonnúil agus chúnaimh ‘Team Europe’ a chur ar bun chun cuidiú le comhpháirtithe ar fud an domhain a bhí ag comhrac na paindéime agus i bhfad níos lú acmhainní acu ná mar a bhí ag an Aontas.

In Eswatini, le linn na corraíola i samhradh 2021, chuaigh na Ballstáit i dteagmháil le Toscaireacht an Aontais, an t-aon láithreach taidhleoireachta de chuid an Aontais ar an láthair, chun faisnéis a roinnt faoi láithreach na saoránach is leochailí dá gcuid agus chun fiosrú a dhéanamh faoin staid slándála agus faoi na roghanna aslonnaithe a d'fhéadfadh a bheith ann. Ról Thoscaireachtaí an Aontais a shoiléiriú i gcásanna inarb í an t-aon ionadaíocht taidhleoireachta de chuid an Aontais, bheadh an méid sin riachtanach chun a áirithiú go bhféadfaí obair leantach a dhéanamh ar aslonnú dá mba amhlaidh an cás.

San Eiritré, thug Toscaireacht an Aontais cúnamh díreach do shaoránach den Aontas nach raibh ionadaíocht aige trí dhul i dteagmháil leis na húdaráis áitiúla chun iompar agus ospidéalú a chinntiú, rud a d'fhág go raibh an té sin in ann filleadh go sábháilte ar an Eoraip.

I gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, d'eagraigh Toscaireacht an Aontais i gCív dhá oibríocht um 'thraein thaidhleoireachta' trí shocrú a dhéanamh le hIarnróid na hÚcráine vaigíní speisialta a chur in áirithe ar an traein ó Chív go Chelm (an Pholainn). Tríd an tionscnamh sin, rinneadh na céadta saoránach den Aontas, daoine dá dteaghlai chomh maith le gníomhairí áitiúla ó Thoscaireacht an Aontais agus ó ambasáidí na mBallstát a aslonnú go rathúil ón Úcráin in dhá oibríocht a eagraíodh an 9 Márta agus an 14 Márta 2022.

I mí an Mheithimh 2022, agus í ag gníomhú ar iarraidh ó Bhallstát, chabhraigh Toscaireacht an Aontais sa tSomáil le saoránach den Aontas a tharrtháil, saoránach a raibh a bhád briste in áit thart ar 100 km ón tSomáil, cósta Kismayo. Chuaigh Toscaireacht an Aontais i dteagmháil le húdaráis Stáit Jubaland, a chuir ceithre bhád ar fáil don oibríocht tarrthála rathúil.

Sa suirbhé ar Thoscaireachtaí an Aontais a rinneadh mar chuid de mheasúnú tionchair leanúnach le haghaidh athbhreithniú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an Treoir<sup>41</sup>, léiríodh gur minic a iarrann saoránaigh cúnamh cheana féin ó Thoscaireachtaí an Aontais (go háirithe ó thosaigh paidéim COVID-19) agus go bhfuil méadú ag teacht ar na figiúirí sin<sup>42</sup>.

Ina theannta sin, tá líonra Thoscaireachtaí an Aontais i Muir Chairib agus Toscaireacht an Aontais i bhFidsí i measc líon beag post taidhleoireachta de chuid an Aontais sna réigiúin mhóra sin. Tá tábhacht ar leith ag baint le heaspa lorg consalach na mBallstát i Muir Chairib, áit atá i mbaol tubaistí nádúrtha agus ar mol turasóireachta é ag an am céanna. Ar an gcaoi chéanna, is iad Toscaireachtaí an Aontais i dtíortha talamhiata Eswatini agus Leosóta, chomh maith le Toscaireachtaí an Aontais i mBarbadós agus sa Ghuáin, agus, i láthair na huair, san Afganastáin, an t-aon láithreach taidhleoireachta amháin atá ag an Aontas sna tíortha sin.

---

<sup>41</sup> 'Study to support the preparation of an impact assessment on a potential EU policy initiative on the coordination & cooperation measures to facilitate the exercise of the EU citizens' right to consular protection' [Staidéar chun tacú le measúnú tionchair a ullmhú maidir le tionscnamh beartais de chuid an Aontais a d'fhéadfadh a bheith ann maidir leis na bearta comhordaithe agus comhair chun feidhmiú cheart shaoránaigh an Aontais ar chosaint chonsalach a éascú], Tetra Tech Europe, Asterisk Research & Analysis agus VVA, le foilsiú.

<sup>42</sup> Roimh phaindéim COVID-19, d'fhreagair formhór Thoscaireachtaí an Aontais (thart ar 48 %) go bhfuair siad iarrataí den sórt sin ó am go chéile /ar bhonn bliantúil. Ó thús phaindéim COVID-19, is cosúil go bhfuil fás suntasach tagtha ar líon Thoscaireachtaí an Aontais a fhaigheann iarrataí ar chúnamh ó shaoránaigh den Aontas go díreach: Dúirt thart ar 82 % de na freagróirí go bhfuair siad iarrataí. Ina theannta sin, tháinig méadú freisin ar mhinicíocht na n-iarrataí: Mhaígh thart ar 30 % de Thoscaireachtaí an Aontais go bhfaigheann siad iarratais ar bhonn seachtainiúil.

Ar an iomlán, leanann sé as an méid thuas go bhféadfadh sé a bheith riachtanach ról Thoscaireachtaí an Aontais a shoiléiriú agus a fheabhsú chun an ról níos feiceálaí atá acu ar an láthair a léiriú ar bhealach níos fearr agus chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, lena n-áirítear trí inniúlachtaí a thabhairt dóibh cúnamh díreach a thabhairt do shaoránaigh den Aontas thar lear, i gcúinsí áirithe agus arna iarraidh sin do na Ballstáit. Trí úsáid bhreise a bhaint as líonra fairsing Thoscaireachtaí an Aontais, neartófaí an tacaíocht a chuirtear ar fáil do shaoránaigh den Aontas a bhfuil i ngátar thar lear.

Ba cheart go mbeadh spás ann do réitigh atá saincheaptha don tríú tír atá i gceist agus don staid atá i gceist chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil. Ba cheart tús áite a thabhairt do réitigh a bhfuil tionchar buiséadach teoranta acu. Mar shampla, úsáid fheabhsaithe na gcomhfhoirne consalacha a thabharfadh le chéile foireann chonsalachta an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát a bheadh réidh le himscaradh nó le seoladh mar bhaill foirne athneartacha, go háirithe mar fhreagairt ar éigeandálaí agus ar staideanna géarchéime. D'fhéadfaí foireann chonsalach na mBallstát a thabhairt ar iasacht do thoscaireachtaí sonracha de chuid an Aontais chun saineolas consalach sa réimse a threisiú i dtíortha a bhfuil lorg consalach teoranta acu.

Ar na bealaí a bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na forbairtí sin, d'fhéadfaí ról cúnaimh Thoscaireachtaí an Aontais a leathnú, go háirithe sna tríú tíortha sin ina bhfuil lorg consalach na mBallstát an-bheag. I ndáil leis sin, i suirbhé Eorabharaiméadair maidir le saoránacht agus daonlathas an Aontais Eorpaigh ó mhí an Mhárta 2020, chomhaontaigh níos mó ná naonúr as gach deichniúr freagróirí, dá mbeidís i dtír lasmuigh den Aontas nach raibh ionadaíocht ag a mBallstát náisiúntachta inti, gur mhaith leo tacaíocht a lorg ó Thoscaireacht de chuid an Aontais ina ionad sin<sup>43</sup>.

### 5.2.3. Comhar áitiúil (Airteagal 12)

Sonraítear in Airteagal 12 go n-áireofar i gcrúinnithe comhair áitiúil malartú rialta faisnéise maidir le hábhair a bhaineann le saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu. Sonraítear ann freisin, i gcomhthéacs na gcrúinnithe sin, go bhfuil na Ballstáit le teacht ar chomhaontú, nuair is gá, maidir le socruithe praiticiúla dá dtagraítear in Airteagal 7 chun a áirithiú go dtugtar cosaint éifeachtach do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu sa tríú tír lena mbaineann. Is é ionadaí Ballstáit, i ndlúthchomhar le Toscaireacht an Aontais, a dhéanann cathaoirleacht ar chruinnithe comhair áitiúil, mura gcomhaontóidh na Ballstáit a mhalairt.

Ar an iomlán, bíonn cruinnithe comhair áitiúil úsáideach agus éifeachtúil, cé go bhféadfadh leibhéal agus éifeachtacht na gcrúinnithe sin a bheith éagsúil ó thríú tír go chéile. Ó thosaigh paindéim COVID-19, is go cianda a tionóladh cruinnithe comhair áitiúil den chuid is mó. Sa chleachtas, is cosúil nach ann d'ordlathas soiléir ná d'ainmniú na gcathaoirleach cruinnithe (agus Toscaireachtaí an Aontais á dtairiscint níos mó agus níos mó don chathaoirleacht).

I gcás na mBallstát a bhfuil ionadaíochtaí le foireann bheag acu, tá comhordú áitiúil ríthábhachtach mar fhoinsé faisnéise agus mar uirlis phraiticiúil chun saincheistanna a réiteach a thagann chun cinn i gcomhthéacs sholáthar na cosanta consalaí. Mar a thuairiscigh Toscaireachtaí an Aontais, áfach, níl an rannpháirtíocht i gcrúinnithe comhair chonsalaigh áitiúil cothrom (go háirithe, i ngnáthamanna agus lasmuigh de

<sup>43</sup> Flais-Eorabharaiméadar 485: Saoránacht agus Daonlathas AE, Feabhra/Márta 2020, [https://data.europa.eu/data/datasets/s2260\\_485\\_eng?locale=en](https://data.europa.eu/data/datasets/s2260_485_eng?locale=en).

staideanna géarchéime). Is féidir míniú a fháil ar an scéal seo ón ndeacracht a bhíonn ag roinnt ionadaíochtaí a bhfuil foireann bheag ag obair iontu páirt a ghlacadh i ngach plé, nó ón ndeacracht a bhíonn ag Ballstáit nach bhfuil ionadaíocht acu rochtain a fháil ar na líonraí comhair áitiúil sin (mar gheall ar chineál an phlé, ní bhíonn rannpháirtíocht chianda indéanta ná inmhianaithe i gcónaí).

Ní i gcónaí a bhíonn faisnéis a phléitear le linn cruinnithe comhair chonsalaigh áitiúil ar fáil do na Ballstáit sin nach bhfuil i láthair go háitiúil ná ní bhíonn teacht uirthi go háitiúil. Cé go ndéantar miontuairiscí cruinnithe a uaslódáil ar ardán consalachta ar líne SEGS (CoOL) chun plé agus aiseolas a éascú, d'fhéadfadh Toscaireachtaí an Aontais na Ballstáit nach bhfuil ionadaíocht acu a chur ar an eolas faoi chlár oibre na gcrúinnithe sin roimh ré chun sreabhadh leanúnach faisnéise a áirithiú. Maidir le Ballstáit nach bhfuil ionadaíocht acu agus a bhfuil líon íseal saoránach i láthair acu sa tríú tír lena mbaineann, cé go bhféadfadh sé nach mbeadh sé riachtanach agus indéanta i gcónaí na Ballstáit sin a bheith rannpháirteach go buan agus go cianda, tá sé rithábhachtach go mbeidís rannpháirteach in am géarchéime.

I bhfianaise an mhéid thuas, d'fhéadfaí bearta breise a bheartú chun malartú faisnéise agus rannpháirtíocht na mBallstát sin nach bhfuil ionadaíocht acu a neartú i gcomhthéacs an chomhair chonsalaigh áitiúil. Ina theannta sin, is trí na húdaráis náisiúnta (do chónaitheoirí buana ar a laghad) atá an bealach is iontaofa chun eolas a fháil ar líon na saoránach i dtír ná nach bhfuil ionadaíocht acu. Ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun a áirithiú go mbeidís an deis ag a saoránaigh clárú le húdaráis Bhallstát na náisiúntachta agus iad ag taisteal nó ina gcónaí i dtíortha nach bhfuil ionadaíocht acu iontu.

#### 5.2.4. Ullmhacht agus comhar i gcomhair géarchéimeanna (Airteagal 13)

Tá na Ballstáit a bhfuil ionadaíocht acu i dtír ná chun pleananna teagmhasacha a chomhordú eatarthu féin agus le Toscaireacht an Aontais chun a áirithiú go dtabharfar lánchabhair do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu i gcás géarchéime. Tá an tAontas agus na Ballstáit le comhoibriú go dlúth le chéile chun cúnamh éifeachtúil a áirithiú do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu i gcás éigeandála nó géarchéime agus ní mór dóibh a chéile a chur ar an eolas faoi na hacmhainní aslonnaithe atá ar fáil go tráthúil nuair is féidir.

Foráiltear le hAirteagal 13(3) den Treoir go bhfuil 'stát teorach' nó an Ballstát/na Ballstáit a dhéanann comhordú ar chúnamh i gceannas ar aon tacaíocht a thugtar do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu a chomhordú, le tacaíocht ó na Ballstáit eile lena mbaineann, ó Thoscaireacht an Aontais agus ó cheanncheathrú SEGS. Ina theannta sin, foráiltear ann go gcuirfidh na Ballstáit ar fáil don stát teorach nó don Bhallstát nó do na Ballstáit a dhéanann comhordú ar chúnamh an fhaisnéis ábhartha uile maidir lena saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu agus atá i láthair le linn géarchéime. Féadfaidís an stát teorach nó an Ballstát nó na Ballstáit a dhéanann comhordú ar chúnamh do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu tacaíocht a lorg, más iomchuí, ó ionstraimí amhail struchtúir bainistithe géarchéime SEGS agus UCPM.

Tá ullmhacht agus comhar i gcomhair géarchéimeanna an-ábhartha go háirithe tar éis na ngéarchéimeanna a tharla le déanaí, rud a fhágann gur féidir comhchumais an Aontais agus na mBallstát a imscaradh le haghaidh oibríochtaí aslonnaithe/aisdúichithe, chun anailísí agus faisnéis a chomhroinnt, agus chun tacaíocht a chur ar fáil do shaoránaigh den Aontas a bhfuil ionadaíocht acu agus nach bhfuil ionadaíocht acu. Bhí freagrúlacht, éifeachtúlacht agus cúnamh ó SEGS, ó Thoscaireachtaí ábhartha an Aontais agus ó

ERCC an Choimisiúin chun tacú leis an gcomhar idir na Ballstáit rithabhachtach le linn phaindéim COVID-19, le linn chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus le linn staideanna eile géarchéime polaitiúla nó tubaistí (nádúrtha).

I gcomhthéacs ullmhachta agus comhair i gcomhair géarchéimeanna, in Airteagal 13 iarrtar comhphleanáil theagmhasach (**comhchreataí**); faisnéis a mhalartú idir na Ballstáit; ról comhordúcháin a shannadh don stát treorach (nó d'aon Bhallstát eile a dhéanann comhordú ar chúnamh); comhfhoirne consalachta; agus tacaíocht fhéideartha ó SEGS (lena n-áirítear Toscaireachtaí an Aontais) agus ó UCPM. Tá ról ceannasach ag Toscaireachtaí an Aontais maidir le comhordú a dhéanamh ar ullmhú comhchreataí.

Measann SEGS go bhfuil thart ar 94 chomhchreat i bhfeidhm ar fud an domhain, agus meastar go nglacfar thart ar 20 comhchreat eile faoi dheireadh 2022<sup>44</sup>. Bhí comhchreataí an-úsáideach cheana féin díreach toisc go n-ardaíonn siad iontu féin feasacht ar an ngá atá le hullmhacht i gcomhair géarchéimeanna. Mar sin féin, níl siad ann go fóill do gach tríú tír, agus ní mór iad a thabhairt cothrom le dáta go minic chun go mbeidh siad úsáideach le linn géarchéimeanna. Chuidigh freagairt chomhpháirteach an Aontais agus na mBallstát ar ghéarchéim COVID-19 chun an comhar idir na Ballstáit a chur chun cinn. Tar éis ráig COVID-19, díriodh níos mó ar chomhroinnt faisnéise den sórt sin agus ar an gcomhphleanáil theagmhasach a choinneáil cothrom le dáta. Mar sin féin, is éagsúil i ngach tríú tír a mhéid áirítear i bpleanáil den sórt sin faisnéis nuashonraithe maidir le saoránaigh na mBallstát nach bhfuil ionadaíocht acu sa chríoch.

Leis na ceachtanna a foghlaimíodh ó COVID-19, tháinig neartú ar an smaoineamh go mbeadh ról níos mó ag Toscaireachtaí an Aontais i ngéarchéimeanna, lena n-áirítear an ról atá acu maidir le staideanna géarchéime a mheas. Leagadh béim leis freisin ar an ngá atá le hathbhreithniú a dhéanamh ar na comhchreataí go háitiúil i bhfianaise na taithí áitiúla a fuarthas le linn ghéarchéim COVID-19<sup>45</sup>. Anuas air sin, i dtríú tíortha nach bhfuil láithreach ag na Ballstáit iontu, is ar Thoscaireachtaí an Aontais atá an phríomhfhreagracht as na comhchreataí a ullmhú. Mar shampla, d'ullmhaigh Toscaireachtaí an Aontais in Eswatini agus Leosóta comhchreataí cheana féin. Ar an gcaoi chéanna, d'ullmhaigh Toscaireacht an Aontais i mBarbadós dréacht-chomhchreat do Mhuir Chairib Thoir ina hiomláine, comhchreat a bhfuil ag feitheamh faoi láthair le hionchur ó na Ballstáit maidir leis.

Tá '**stáit threoracha**' i láthair in 22 thríú tír. Cé go bhféachtar go dearfach ar choincheap an stáit threoraigh i gcoitinne, go háirithe i gcás na mBallstát nach bhfuil ionadaíocht acu go rialta, tá teorainneacha praiticiúla ag baint leis an gcoincheap mar go bhféadfadh ró-ualach a bheith ar an stát treorach i ngéarchéim láithreach. Níl an coincheap chomh cuimsitheach céanna maidir le hullmhacht i gcomhair géarchéimeanna agus atá coincheap na gcomhchreataí a glacadh ina dhiaidh sin<sup>46</sup>. Ina theannta sin, uaireanta glacann Toscaireachtaí an Aontais ról comhordúcháin atá cosúil leis an ról a bheadh ag stát treorach. D'fhéadfadh mearbhall a bheith mar thoradh ar fhorluí den sórt sin.

Tugadh faoi deara sa mheasúnú ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó COVID-19 gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar choincheap an 'stáit threoraigh' i bhfianaise na n-easnamh a

---

<sup>44</sup> Sonraí inmheánacha SEGS.

<sup>45</sup> ST 13613/20.

<sup>46</sup> Féach treoirilínte an Aontais maidir le coincheap an stáit threoraigh chonsalaigh a chur chun feidhme (2008/C 317/06).

tugadh faoi deara le linn na géarchéime sin<sup>47</sup>. Go háirithe, thug an measúnú sin faoi deara, i gcás ina gcoinneofaí an coincheap, go bhféadfaí modhanna nuálacha tacaíochta do na stáit threoracha a mheas chun comhroinnt chothrom ualaigh a áirithiú. D'fhéadfadh sé gurbh éard a bheadh i gceist leis sin ról Thoscaireachtaí an Aontais a mhéadú chun freagairt an Aontais a chomhordú in éineacht leis an stát treorach.

Bhain roinnt Ballstát úsáid as **comhghoirne consalachta** i ngéarchéimeanna roimhe seo. Mar shampla, bhí an coincheap an-éifeachtach le linn chéimeanna luatha phaindéim COVID-19, go háirithe chun an t-ualach ar na Ballstáit a raibh ionadaíocht á déanamh orthu a laghdú. Bunaíodh foirne den chineál sin le linn Chorn an Domhain sa Sacar in 2018 sa Rúis agus tar éis an chreatha talún san Indinéis in 2018. Mar sin féin, d'fhéadfaí an coincheap a chomhtháthú níos fearr sa Treoir, lena n-áirítear trí rialacha agus nósanna imeachta soiléire a chur ar fáil do Bhallstáit nach bhfuil ionadaíocht acu chun dul i dteagmháil le chéile ar bhealach níos gníomhaí in am géarchéime agus trí ualach na bhfreagrachtaí a chothromú.

Foráiltear in aithrisí na Treorach go bhféadfar brath ar an **Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta** mar mhodh coimhdeach, faoi rogha na mBallstát. Le linn ghéarchéim COVID-19, iarradh tacaíocht ó UCPM líon uaireanta nach bhfacthas roimhe seo (408 eitilt, 100 313 phaisinéir aisdúichithe ar eitiltí a mhaoinigh UCPM)<sup>48</sup>. Cé go gcuireann sé deiseanna ar fáil chun tacú le gníomhaíochtaí géarchéime consalachta eile, is annamh a úsáideadh UCPM le haghaidh tacaíocht chonsalach roimh an tarlú urghnách seo. An úsáid bhreise a bhainfear as nuair a bhíonn gá le haisdúichiú, is gá an úsáid sin a éascú agus comhairle a thabhairt maidir léi. Ba cheart do na Ballstáit a bheith ar an eolas faoin bhféidearthacht UCPM a ghníomhachtú agus faoin bpróiseas atá ann é a ghníomhachtú.

A mhéid a bhaintear úsáid as na coincheapa éagsúla maidir le hullmhacht i gcomhair géarchéimeanna agus comhar dá dtagraítear in Airteagal 13 den Treoir, agus an chaoi a n-úsáidtear iad, ní hionann iad ar fud tríú tíortha. Níl comhphleanáil theagmhasach i bhfeidhm i ngach tríú tír agus tá éagsúlacht ag baint lena cáilíocht agus a hábhar. Ar an gcaoi chéanna, níor glacadh ról an stáit threoraigh ach i líon measartha teoranta tríú tíortha. Ina theannta sin, is cosúil nach bhfuil na Ballstáit go hiomlán ar an eolas maidir le UCPM a ghníomhachtú chun críoch consalachta, rud a d'fhéadfadh a thabhairt le fios gur gá treoir bhreise a thabhairt maidir leis an gcaoi ar féidir é a úsáid agus é a oiriúnú a thuilleadh chun freagairt do riachtanais phraiticiúla<sup>49</sup>. Ar deireadh, cé go bhfuil úsáid na gcomhghoirne consalachta teoranta go dtí seo, is cosúil gur uirlis éifeachtach éifeachtúil í chun an t-ualach ar na Ballstáit a raibh ionadaíocht á déanamh orthu a laghdú in am géarchéime. Cé go ndéantar tagairt sa Treoir don choincheap, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá lena húsáid a spreagadh agus an coincheap a shoiléiriú tuilleadh más gá.

I bhfianaise an mhéid thuas, maidir le hathbhreithniú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar na coincheapa dá dtagraítear in Airteagal 13, is gá toradh na taithí áitiúla a fuarthas le déanaí a chur san áireamh, lena n-áirítear an fhéidearthacht ról níos mó a thabhairt do Thoscaireachtaí an Aontais maidir le hullmhacht i gcomhair géarchéimeanna. Go háirithe, níl sásraí ullmhachta i gcomhair géarchéimeanna comhsheasmhach ar fud na dtíortha uile: cé go sainítear freagrachtaí comhordúcháin i roinnt tíortha i gcomhchreataí,

<sup>47</sup> ST 13613/20.

<sup>48</sup> Roimh an tarlú urghnách sin, is annamh a úsáideadh UCPM le haghaidh tacaíocht chonsalach (suas le 10 n-uaire in 20 bliain).

<sup>49</sup> Tá treoirlínte maidir le húsáid UCPM le haghaidh cúnamh consalach á dtabhairt chun críche ag ERCC an Choimisiúin.

i dtíortha eile tá coincheap an stáit threoraigh fós á úsáid, agus nuair atá comhchreataí i bhfeidhm, níl siad ar an leibhéal céanna cáilíochta. I roinnt tríú tíortha nach ndéanann ach Toscaireachtaí an Aontais ionadaíocht thar ceann an Aontais iontu, is orthusan atá an phríomhfhreagracht as na comhchreataí a ullmhú. Ina theannta sin, níl eolas forleathan ar na cúinsí inar féidir, agus conas is féidir, UCPM a ghníomhachtú. Ina theannta sin, níl aon chomhsheasmhacht ann maidir le cathaoirleacht a dhéanamh ar chruinnithe comhair chonsalaigh áitiúla, agus maidir lena mhéid a ghlacann Ballstáit nach bhfuil ionadaíocht acu páirt iontu. Ar deireadh, tá easpa soiléireachta ann maidir le conas faisnéis faoi shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu a mhalartú i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus leis an Rialachán maidir le Cosaint Sonraí d'institiúidí an Aontais.

### 5.3. Nósanna imeachta airgeadais (Airteagail 14 agus 15)

Geallfaidh saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu an costas a bhaineann le cosaint chonsalach a bheadh le híoc ag náisiúnaigh an Bhallstáit chúnaimh a aisíoc lena mBallstát náisiúntachta faoi na coinníollacha céanna. Foráiltear le hAirteagal 14(2) go bhféadfaidh an Ballstát cúnaimh aisíocaíocht a iarraidh ar Bhallstát náisiúntachta an tsaoaránaigh nach bhfuil ionadaíocht aige, agus go ndéanfar an aisíocaíocht laistigh de thréimhse réasúnta ama, nach faide ná 12 mhí. Ar deireadh, féadfaidh Ballstát náisiúntachta an tsaoaránaigh nach bhfuil ionadaíocht aige a iarraidh ar an saoránach lena mbaineann nach bhfuil ionadaíocht aige na costais lena mbaineann a aisíoc. Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 14(3) gur féidir leis na Ballstáit chúnaimh aisíocaíocht a iarraidh ar Bhallstát na náisiúntachta i leith aon chostas neamhghnách atá ard ach fíorriachtanach agus a bhfuil bonn cirt leo i ndáil leis an gcúnamh a sholáthraítear i gcásanna gabhála nó coinneála.

Foráiltear le hAirteagal 15, i staideanna géarchéime, go bhféadfaidh an Ballstát cúnaimh aon iarraidh ar aisíocaíocht chostais aon tacaíochta a cuireadh ar fáil do shaoránach nach bhfuil ionadaíocht aige a thíolacadh do Bhallstát náisiúntachta an tsaoaránaigh nach bhfuil ionadaíocht aige fiú mura bhfuil gealltanais sínithe ag an saoránach nach bhfuil ionadaíocht aige aisíocaíocht a dhéanamh. Féadfaidh an Ballstát cúnaimh a iarraidh ar Bhallstát náisiúntachta an tsaoaránaigh nach bhfuil ionadaíocht aige na costais sin a aisíoc ar bhonn pro rata, trí luach iomlán na gcostas iarbhír arna dtabhú a roinnt de réir líon na saoránach a fuair cúnamh. I gcás inar tugadh tacaíocht airgeadais don Bhallstát cúnaimh trí bhithin cúnamh ó UCPM, ní mór ranníocaíocht an Aontais a chur san áireamh in aon ranníocaíocht ó Bhallstát náisiúntachta an tsaoaránaigh nach bhfuil ionadaíocht aige.

Déantar Airteagail 14 agus 15 a thrasú i bhformhór na mBallstát<sup>50</sup>.

Mar a thuairiscigh na Ballstáit, is annamh a chuirtear rialacha aisíocaíochta i bhfeidhm sa chleachtas. Níor thuairiscigh ach ceithre Bhallstát gur iarr siad aisíocaíocht ó Bhallstát eile.

Níl an Treoir soiléir maidir leis an bhféidearthacht atá ag an mBallstát cúnaimh aisíocaíocht a lorg go díreach ó shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu, cé go bhfuil an modh sin á úsáid ag na Ballstáit sa chleachtas. Tugann thart ar 12 Bhallstát an rogha costas na cosanta consalaí a aisghabháil go díreach ó na saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu. Dealraíonn sé go ndéanann roinnt de na Ballstáit sin iarracht ar dtús

<sup>50</sup> Leanann an Coimisiún de bheith i mbun idirphlé leis na Ballstáit chun cur chun feidhme iomlán na Treorach a fhíorú.

aisíocaíocht dhíreach a fháil ón saoránach nach bhfuil ionadaíocht aige agus, i gcás ina dteipeann air sin amháin, é a iarraidh ón mBallstát náisiúntachta.

I bhfianaise an mhéid thuas, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le tuilleadh soiléireachta a mhéid a bhaineann leis na nósanna imeachta aisíocaíochta airgeadais sa Treoir. Ina theannta sin, i gcomhthéacs athbhreithniú a d'fhéadfaí a dhéanamh, chun cásanna a chumhdach inar chinn na Ballstáit cúnamh deonach a thabhairt do shaoránaigh a bhfuil ionadaíocht acu, d'fhéadfaí a mheas an leasófaí na foirmeacha aisíocaíochta sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir chun aisíocaíocht a chumhdach do shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu agus a bhfuil ionadaíocht acu araon.

## **6. Conclúidí**

Tá sé léirithe ag an measúnú a rinne na Ballstáit ar chur i bhfeidhm na Treorach go raibh sé éifeachtach, den chuid is mó, maidir lena chuspóir a bhaint amach i ndáil le feidhmiú na gceart atá ag saoránaigh den Aontas a bhaineann leis an gcosaint chonsalach a éascú i dtíortha nach bhfuil ionadaíocht ag an mBallstát ar náisiúnaigh de iad.

Mar sin féin, tá méadú ag teacht ar líon agus ar scála na ngéarchéimeanna a mbíonn iarrataí ar chosaint chonsalach mar thoradh orthu. Go háirithe, le paindéim COVID-19 (ar scála agus ar chastacht nach bhfacthas roimhe seo), leis an ngéarchéim san Afganastáin, le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus leis na géarchéimeanna consalacha ina dhiaidh sin, tugadh comhthéacs chun bearnaí a shainaithint agus chun machnamh a dhéanamh ar conas cearta saoránach den Aontas maidir leis an gcosaint chonsalach a neartú agus chun feidhmiú na gceart sin a éascú a thuilleadh.

D'fhéadfaí bearta a shoiléiriú agus a chuíchóiriú chun soláthar cosanta consalachta do shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu a éascú a thuilleadh, lena n-áirítear deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú i ndáil le tairbhíthe agus an chosaint sin a áirithiú beag beann ar an áit ina bhfuil siad ar domhan. Ina theannta sin, d'fhéadfaí machnamh a dhéanamh ar fheabhas a chur ar sholáthar faisnéise agus ar chomhordú cumarsáide. Thairis sin, tá gá le húsáid níos mó a bhaint as sásraí fadbhreathnaitheachta le haghaidh ár n-ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna, go háirithe i bhfianaise an chostais dhaonna a bhaineann le teip ar chosaint chonsalach. Ina theannta sin, d'fhéadfadh ról foirmiúil Thoscaireachtaí an Aontais agus a gcomhordú agus a gcomhar leis na Ballstáit léiriú níos fearr a thabhairt ar an bhfíorchás a bhaineann lena gcuid oibre ar an láthair, rud a thabharfadh deimhneacht dhlíthiúil níos fearr dóibh.

Is ar na Ballstáit i gcónaí atá an phríomhoibleagáid maidir le cosaint chonsalach a chur ar fáil. D'fhéadfadh, áfach, údar a bheith le machnamh a dhéanamh ar Thoscaireachtaí an Aontais a chumhachtú i gcúinsí dea-shainithe chun idirghníomhú níos díri le saoránaigh den Aontas, arna iarraidh sin do na Ballstáit. Mar shampla, i gcásanna cúnamh maidir le haisdúichiú, go háirithe trí dhoiciméid taistil éigeandála a eisiúint i gcásanna ina bhfuil Toscaireachtaí an Aontais amháin in ann é sin a dhéanamh, agus freagairt an Aontais a chomhordú ar bhealach níos éifeachtaí chun tacú le saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu agus a bhfuil ionadaíocht acu, go háirithe le linn staideanna géarchéime. Beidh sé tábhachtach faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na formáide nua do dhoiciméid taistil éigeandála an Aontais, rud a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an bhféidearthacht cúnamh cosanta consalachta den chineál sin a chur ar fáil in áiteanna ina bhfuil láithreach theoranta ag na Ballstáit. Trí ról Thoscaireachtaí an Aontais a neartú ar an mbealach sin, d'fhéadfaí cuidiú le comhroinnt ualaigh a mhéadú agus, ar an gcaoi sin,

rannchuidiú le húsáid níos éifeachtúla a bhaint as comhthiomsú foriomlán acmhainní an Aontais atá ar fáil i dtríú tíortha.

Chiallódh ról neartaithe den sórt sin do Thoscaireachtaí an Aontais go mbainfí úsáid as an *passerelle* faoi Airteagal 25 CFAE. Foráiltear le hAirteagal 25 CFAE do nós imeachta simplithe chun cearta saoránachta an Aontais a leathnú, trína nglacann an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil agus tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa, forálacha chun cearta saoránach den Aontas a neartú nó chun cur leo, lena n-áirítear an ceart a bhaineann le cosaint chonsalach saoránach nach bhfuil ionadaíocht acu. Bheadh glacadh an chinnidh sin ag an gComhairle ina chéad chéim chun an bunús dlí is gá a chruthú chun creat dlíthiúil a ghlacadh, sa dara céim, lena neartófaí ról Thoscaireachtaí an Aontais i réimse na cosanta consalaí.